# Treoir do Scoileanna maidir le Dea-Chleachtas Soláthair


AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

SPU
An tAonad um Sholáthar do Scoileanna

SPU
An tAonad um Sholáthar do Scoileanna

# Treoir do Scoileanna maidir le Dea-Chleachtas Soláthair

# Brollach

Ullmhaíodh an doiciméad seo mar threoir phraiticiúil do sholáthar poiblí don phearsanta scoile agus Boird Bhainistíochta i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Tá sé ceaptha le húsáid mar dhoiciméad tagartha an dea-chleachtais, a fhéadfaidh bainistíocht/foireann scoile a cheadú do threoir maidir le gnéithe uile an tsoláthair a théann i gcion ar fheidhmiú a scoile.

Tá an treoir infheidhmithe do na réimsí uile de ghníomhaíocht soláthair na scoile. Cuideoidh sí le scoileanna a bpolasaithe agus cleachtais reatha a thagarmharcáil i gcoinne múnla dea-chleachtais, leagtha amach laistigh de chomhthéacs na gceanglas reatha faoin dlí. Ní chuireann sé seo aon fhreagracht bhreise ar scoil cloí le Treoirlínte Náisiúnta agus leis an dlí um sholáthar poiblí, de bhreis ar an méid atá ann cheana agus nach mbeidh scoileanna aonair ar an eolas ina leith, b'fhéidir.

Glacann an treoir cur chuige céim ar chéim i dtaca le próisis soláthair do scoileanna a chur ar bun. Tá léaráidí agus teimpléid inti chun tacú leis an scoil na córais seo a chur ar bun ar bhealach praiticiúil.

Ní féidir le treoir den sórt seo a bheith iomlán deifnídeach riamh. Tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh uirthi go rialta, chun aon leasuithe agus athruithe a tharlaíonn sna treoirlínte agus sa reachtaíocht a rialaíonn an chaoi ina ndéantar soláthar poiblí in Éirinn a chur san áireamh. Maidir leis seo, fáiltíonn an tAonad um Sholáthar do Scoileanna roimh thuairimí agus mholtaí ó fhoinse ar bith a d'fhéadfadh feabhas a chur ar an treoir seo, nó a phoiblíonn fianaise ar dhea-chleachtais bhreise sna scoileanna. Le do thoil, seol d'aiseolas trí procurementsupport@jmb.ie

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le cách a ghlac páirt in ullmhú an doiciméid seo, go háirithe baill fhoireann ASS a rinne cion suntasach den 'obair throm' chun an treoir seo a tháirgeadh. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil leis na hionadaithe ó na Comhlachtaí Bainistíochta Scoile, Líonra Soláthair na hEarnála Oideachais, an Oifig um Sholáthar Rialtais, agus daoine eile a chuidigh go mór le rath an phróisis chomhoibrigh a bhain le forbairt na treorach seo. Go háirithe, ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil leis na Príomhoidí scoile sin agus baill foirne scoile eile a thug léargas luachmhar i bpróiseas na forbartha.

Ronan Farrell,
Bainisteoir, an tAonad um Sholáthar do Scoileanna
Eanáir 2017.

# Clár na nÁbhar


**Sceideal na nAguisíní** iv

**Réamhrá** 01

- Cé ba chóir an Treoir seo a léamh?
- Cad is brí le soláthar, i ndáiríre?
- Cén fáth ba chóir féachaint ar phróisis soláthair laistigh de scoileanna?
- Ról an Aonaid um Sholáthar do Scoileanna
- Cén áit is féidir liom aiseolas a thabhairt i dtaca le soláthar?

**Sainmhíniú ar an bPróiseas Soláthair** 04

**Céim 1: Buiséadú agus Pleanáil**

1.1 Cad is catagóir ann?
1.2 Briseadh síos ar bhuiséad na scoile de réir na catagóire caiteachais

**Céim 2: Bainistiú ar Fhoinsiú agus Catagóir**

2.1 Comhlíonadh?
2.2 Tairseacha Soláthair Reatha Náisiúnta agus AE
2.3 Luach an Chonartha a Ríomh
2.4 Nósanna Imeachta do Luach Íseal
2.5 Nósanna Imeachta do Thairiscintí ar Luach Ard
2.6 Tréimhse Neamhghníomhaíochta
2.7 Nós Imeachta d'Oscailt Tairiscintí
2.8 Luach ar Airgead
2.9 An Costas Iomlán Saolré
2.10 Nósanna Imeachta Soláthair Ginearálta
2.11 Conas soláthróir a roghnú?

**Céim 3: Bainistíocht Conarthaí**

**Céim 4: Ceannach (Próiseas um Fhoréileamh go hÍocaíocht)**

4.1 Céim Foréilimh
4.2 Faomhadh
4.3 Ceannach
4.4 Glacadh
4.5 Rianú
4.6 Íocaíocht

**Ceisteanna Coitianta** 18

**Sceideal na nAguisíní** 23

Tá teimpléid shonracha sna hAguisíní atá ceaptha le tacú le scoil sa bhainistíocht ar a próisis soláthair ó lá go lá.

A. Ciorclán 0060/2013 ó ROS: Athruithe i gcleachtais soláthair phoiblí a rachadh i gcion ar scoileanna

B. Ciorclán 0016/2013 ó RCPA: Leasú ar shocruithe maidir le húsáid as conarthaí lárnacha curtha ar bun ar an tseirbhís soláthair náisiúnta

C. Ciorclán 0056/2015 ó ROS: Úsáid as Socruithe Lárnacha Soláthair curtha ar bun ag an Oifig um Sholáthar Rialtais

D. Sampla de Chritéir Bhronnta agus Marcanna

E. Sampla de Chritéir Bhronnta agus Marcanna Meastóireachta do Chomórtas Tairisceana do Sholáthairtí Glantóireachta

F. Seicliosta do sholáthar Earraí nó Seirbhísí

G. An Próiseas Soláthair Ceart a Roghnú do do Scoil

## Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| OSR: | AN OIFIG UM SHOLÁTHAR RIALTAIS |
| NPS: | SEIRBHÍS SOLÁTHAIR NÁISIÚNTA (A IONADAÍODH LE OSR) |
| ROS: | AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA |
| ASS: | AN TAONAD UM SHOLÁTHAR DO SCOILEANNA |
| BB: | AN BORD BAINISTÍOCHA |
| RCT: | CÁIN CONARTHAÍ ÁBHARTHA |
| CBL: | CÁIN BREISLUACHA |
| VFM: | LUACH AR AIRGEAD |
| PO: | ORDÚ CEANNAIGH |
| SLA: | COMHAONTÚ SEIRBHÍSE |
| RFT: | IARRAIDH AR THAIRISCINT |
| RFQ: | IARRAIDH AR LUACHAN |
| ITT: | CUIREADH CHUN TAIRISCEANA |
| MEAT: | TAIRISCINT IS BUNTÁISTÍ GO HEACNAMAÍOCH |
| TFC: | TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE |
| AE: | AONTAS EORPACH |
| OJEU: | IRIS OIFIGIÚIL AN AONTAIS EORPAIGH |
| SBR: | ATHBHREITHNIÚ GNÓ SOLÁTHRÓIRÍ |
| CCP: | COISTE UM CHUNTAIS PHOIBLÍ |

# Réamhrá

Tá an treoir seo ceaptha le bheith ina doiciméad tagartha agus freisin ina tacar uirlisí chun cuidiú le scoileanna bainistiú a dhéanamh ar a n-iarrachtaí soláthair. Tá sí ceaptha mar threoir phraiticiúil chun cuidiú le scoileanna bpróisis a phleanáil, a eagrú agus a bhainistiú ar bhealach a chomhlíonann an dlí.

Is aonaid bheaga iad neart scoileanna a bhfuil Príomhoide teagaisc nó Príomhoide le hacmhainní teoranta i gceannas orthu. B'fhéidir nach mbeidh struchtúir agus próisis chasta oiriúnach i scoil bheag. Is faoi gach scoil atá sé an chomhairle sna Treoirlínte seo a chur in oiriúint ar an gcaoi is fearr chun freastal ar a cúinsí féin. Tá tacaíocht agus comhairle ar fáil i gcónaí ón Aonad um Sholáthar do Scoileanna.

Ní leagann na Treoirlínte seo aon fhreagrachtaí breise ar scoileanna nach bhfuil cheana féin sa reachtaíocht nó nach bhfuil ina gcuid de dhualgas cúraim na scoile faoin dlí coiteann. Níl na próisis agus na nósanna imeachta a gcuirtear síos orthu istigh anseo saintreorach; cuireann siad comhairle ar fáil do bhaill foirne scoile, agus do shealbhóirí dualgais eile laistigh den scoil, maidir le bealaí chun a ndualgais a chomhlíonadh i leith na dTreoirlínte Náisiúnta Soláthair agus an dlí a rialaíonn an soláthar poiblí in Éirinn agus earraí agus seirbhísí á bhfoinsiú. Ní mór do gach scoil an chomhairle a chur in oiriúint dá cúinsí ar leith féin, ag cur san áireamh an príomhphrionsabal gur chóir do scoil, agus airgead poiblí á chaitheamh aici, iarracht a dhéanamh an luach is fearr ar airgead a fháil nuair atá earraí nó seirbhísí á soláthar.

Ba chóir na Treoirlínte seo a léamh agus a úsáid ar bhealach atá comhsheasmhach le reachtaíocht ábhartha eile agus foilseacháin ón Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR), an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí eile, amhail ciorcláin, cóid chleachtais agus treoirdhoiciméid. Ní mór do phleanáil agus nósanna imeachta do phróisis soláthair i gcónaí cloí le treoirlínte agus dlí Náisiúnta agus Eorpach um sholáthar. Cuirtear tagairtí agus naisc le foilseacháin ábhartha reatha ar fáil ar fud an doiciméid. Cé ba chóir an Treoir seo a léamh?

## Cé ba chóir an Treoir seo a léamh?

Ba chóir do Phríomhoidí, Príomhoidí Tánaisteacha, Rúnaithe agus Foireann Riaracháin Scoile, Boird Bhainistíochta agus, go deimhin, duine ar bith eile atá ag obair i scoil a bhfuil ról freagrachta acu i gcéim ar bith den phróiseas soláthair, an treoir seo a léamh.

Is den tábhacht é a lua ón tosach, nach moltar do scoil tús a chur le gníomhaíocht soláthair ach amháin sa chás nach bhfuil rogha de shocrú oiriúnach curtha ar fáil ag Oifig um Sholáthar Rialtais, agus go háirithe i dtaca le réimsí ardchaiteachais. Má bhaintear úsáid as socruithe lárnacha, cé nach bhfuil siad éigeantach (déan tagairt d'Aguisín C), bíonn faoiseamh ann ar roinnt bealaí – laghdaítear an nochtadh ar an gcontúirt de dhlíthíocht agus dúshaothrú, laghdaítear iarracht agus costas riaracháin, agus cuirtear na torthaí is fearr luacha ar fáil trí shocruithe cuachta ar mhórscála.

## Cad is brí leis an bhfocal "soláthar", i ndáiríre?

I dtéarmaí leathana, ciallaíonn **"Soláthar"** an fheidhm uileghabhálach a thugann cur síos ar na gníomhaíochtaí agus próisis chun earraí agus seirbhísí a fháil ó fhoinse seachtrach. Go

tábhachtach, agus ar leithligh ó "cheannach", áiríonn soláthar na gníomhaíochtaí ar fad atá i gceist le bunriachtanais a chinneadh, gníomhaíochtaí foinsithe amhail taighde margaidh, cur chuige, soláthróir agus/nó meastóireacht ar thairiscintí agus idirbheartaíocht ar chonarthaí/bronnadh conarthaí, tríd go bainistíocht conarthaí. Áiríonn sé freisin na gníomhaíochtaí ceannaigh (próiseas um fhoréileamh go híocaíocht) atá de dhíth chun earraí a ordú agus a fháil. Feidhmíonn Soláthar Poiblí in Éirinn laistigh de creat de Threoracha Eorpacha atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus rialacháin, polasaithe agus treoirlínte náisiúnta.

Bunphrionsabal an tsoláthair is ea gur chóir go mbeadh earraí agus seirbhísí cuí agus go bhfaighfí iad ag an gcostas is fearr agus is féidir chun freastal ar riachtanais an fhaighteora i dtéarmaí cáilíochta agus cainníochta, ama agus suímh.

## Cén fáth ba chóir féachaint ar phróisis soláthair laistigh de scoileanna?

Tá an creat timpeallachta ina gcuirtear an soláthar poiblí in Éirinn ag athrú go bunúsach. Ní mór do scoileanna a bheith ar an eolas faoi na himpleachtaí atá ag na hathruithe seo dóibh, agus eolas agus tuiscint iomlán a bheith acu ar a bhfreagrachtaí laistigh den pharaidím nua seo. Ina theannta sin, tá gá lena chinntiú go bhfuil an t-eolas, na scileanna agus na córais acu siúd le freagrachtaí chun déileáil le saol an tsoláthair atá ag athrú laistigh de thimpeallacht na scoile.

Ceann de na príomhthosaíochtaí a leagtar amach i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí de chuid an Rialtais is ea costais a laghdú agus luach níos fearr ar airgead a fháil trí athchóiriú ar sholáthar poiblí. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an Rialtas don Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) le seachadadh tríd an múnla soláthair scaoilte atá ann faoi láthair a aistriú chuig struchtúir atá faoi stiúir an láir, bunaithe ar pholasaithe, próisis agus córais choitianta agus trí chlár de thograí comhoibríocha éifeachtúlachta agus coigiltis a thiomáint ar fud earnáil an Stáit. Go traidisiúnta, cuireadh gníomhaíocht soláthair i gcrích ag cúpla míle d'údaráis chonarthacha ar fud an stáit, lena n-áirítear scoileanna aonair.

Tá freagracht iomlán ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, chomh maith leis na feidhmeanna soláthair i gceithre phríomhearnáil - Sláinte, Cosaint, Oideachas agus Rialtas Áitiúil - as na hearraí agus seirbhísí uile a fhoinsiú ar son na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear scoileanna. Trí iarrachtaí na hOifige um Sholáthar Rialtais, agus na feidhmeanna soláthair earnála sin, tá sé beartaithe go labhróidh earnáil phoiblí na hÉireann d'aon ghuth leis an margadh do gach catagóir caiteachais, agus deireadh a chur le dúbláil agus an buntáiste is fearr a bhaint as an soláthar poiblí.

Ciallóidh soláthar láraithe go ndéanfar an saineolas agus saintaithí soláthair atá ann in earnáil phoiblí na hÉireann a úsáid agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar gach gníomhaíocht de chuid an tsoláthair phoiblí. Ag leibhéal na scoile, ciallaíonn lárú ar soláthar nach mbeidh gá do scoileanna aonair a thuilleadh tairiscint ar leithligh d'earraí agus seirbhísí atá coitianta ar fud earnáil na scolaíochta. Cuideoidh an cur chuige seo le faoiseamh i bpáirt a thabhairt ó roinnt den ualach riaracháin atá ar scoileanna faoi láthair, chomh maith le laghdú a dhéanamh ar nochtadh ar dhlíthíocht fhéideartha ó sholáthróirí mírathúla.

Léiríonn an léaráid ag Fíor 1 na céimeanna éagsúla atá i gceist sa phróiseas soláthair. Tá freagracht glactha ag an OSR as an gcéim 'foinsiú agus bainistíocht catagóirí' den phróiseas soláthair d'earraí agus seirbhísí coitianta don earnáil phoiblí, lena n-áirítear scoileanna. Sa chás nach cosúil go bhfuil

conradh lárnach ar fáil, beidh ar an scoil seiceáil le deasc chabhrach OSR roimh a chinneadh cé acu an lorgóidh siad tairiscint iad féin (déan tagairt don phróiseas a leagtar amach in Aguisín G). Seachnóidh sé seo an dúbláil ar iarracht a luaitear thuas. Murach sin, ní mór do scoileanna na trí chéim eile a luaitear i bhFíor 1 a ullmhú, a chur i gcrích agus a dhéanamh.

## Ról an Aonaid um Sholáthar do Scoileanna

Is é an tAonad um Sholáthar do Scoileanna (ASS), arna bhunú agus arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, an acmhainn tacaíochta lárnach chun treoir a chur ar fáil do na bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna uile (seachas scoileanna BOO) ar shaincheist ar bith a bhaineann le soláthar. Laistigh d'earnáil na scoileanna, tugann ASS comhairle agus cúnamh praiticiúil cothrom le dáta do scoileanna maidir le feabhas a chur ar a gcleachtais soláthair, doiciméid a dhréachtadh agus bainistiú ceart a dhéanamh ar a bpróisis tairisceana. Déanann ASS caidreamh go soiléir le baill foirne scoile, ag cuidiú leo conarthaí a rochtain d'earraí agus seirbhísí atá idirbheartaithe go lárnach ar son na scoileanna.

Cruthóidh SPU treoracha praiticiúla freisin i dtaca leis an dea-chleachtas soláthair chun cur ar chumas scoileanna a ndualgais a chomhlíonadh faoin dlí um sholáthar poiblí, laistigh de thimpeallacht soláthair phoiblí atá casta agus ag athrú. Déanann SPU cuir i láthair do chomhdhálacha náisiúnta agus réigiúnacha do scoileanna, ócáidí oiliúna agus laethanta eolais/ inseirbhíse do bhaill foirne scoile.

Áirítear i measc na ngníomhaíochtaí breise a dhéanann an tAonad: bainistiú ar shonraí gnó a bhailiú atá de dhíth do chomórtais soláthair áirithe e.g. leictreachas agus gás; freastal ar chruinnithe le hionadaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) agus ón Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) chun riachtanais soláthair na scoileanna a phlé agus chun aontú ar chuir chuige i dtaca le saincheisteanna éagsúla; bheith mar ionadaithe ag na bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ag fóraim bunaithe ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) laistigh den earnáil níos leithne oideachais agus oiliúna; triail agus cuidiú i gcur i bhfeidhm modhanna ceannaigh nua chun feabhas a chur ar chleachtas soláthair ar fud earnáil na scoileanna; monatóireacht ar úsáid conarthaí bunaithe ar son na scoileanna; comhairle a chur ar fáil, má iarrtar, ar an gcaoi le déileáil mar is cuí le saincheisteanna díoltóirí éagsúla ar son scoileanna; liosta teagmhála cothrom le dáta a choinneáil do na scoileanna uile faoi shainchúram ASS; cuairteanna 'scrúdú sláinte' chun comhairle a thabhairt maidir le cleachtais soláthair scoileanna; agus i gcoitinne aiseolas a thabhairt maidir le heispéiris na scoileanna chuig na cleachtóirí lárnacha laistigh den OSR.

## Cén áit is féidir liom aiseolas a thabhairt i dtaca le soláthar?


Tá fonn ar an Aonad um Sholáthar do Scoileanna i gcónaí aiseolas a fháil agus cuireann siad fáilte roimh thuairimí ginearálta agus tuairimí a bhaineann le tograí ar leith. Déan teagmháil le procurementsupport@jmb.ie

An tAonad um Sholáthar do Scoileanna,
Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB),
Teach Emmet, Bóthar Dhún Droma, Baile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath D14 V3K8

Teil: 01 203 5899 Facs: 01 269 5461 Gréasán: www.jmb.ie/school-procurement
Ríomhphost: procurementsupport@jmb.ie

# Sainmhíniú ar an bPróiseas Soláthair

**Fíor 1. Próiseas soláthair**




## CÉIM 1: Buiséadú agus Pleanáil

Tá buiséadú ar cheann de na tascanna is tábhachtaí le déanamh mar chuid de phróisis phleanála scoile. Dé ghnáth, is ionann buiséad na scoile agus uirlis straitéise mhionsonraithe don chaoi ina bhfuil sé ar intinn ag an scoil airgead a chaitheamh i dtréimhsí ama amach anseo. Ar bhonn bliantúil, ba chóir do scoileanna buiséid a chruthú a thugann cur síos ar na riachtanais a shamhlaítear a bheidh ag gach roinn agus an scoil ina hiomláine.

Buntáiste mór a bhaineann le buiséad a úsáid is ea an cumas le teorainn a chur ar an méid airgid a chaitear ar fheidhmeanna áirithe. Laistigh den scoil, chun méid an airgid a chaitheann an scoil a rialú, b'fhéidir go mbeidh ar an bPríomhoide/Bord Bainistíochta soláthróirí nua d'earraí agus seirbhísí a lorg, d'fhonn airgead a shábháil agus spriocanna buiséid a shroicheadh.

Féadfaidh **córas cuntasaíochta** atá 'oiriúnach don fheidhm', agus a áiríonn feidhmeanna chun idirbhearta a shainaithint, a chur le chéile, a rangú, a ríomh, a anailísiú, a thaifeadadh, a achoimriú agus tuairisciú orthu, luach a chur leis an obair a dhéanann an scoil ó lá go lá. Má thaifeadtar sonraí ó shonraisc ó sholáthróirí reatha agus soláthróirí san am atá thart, agus sonraí faoi mhinicíocht orduithe agus sonrasc, cuirtear ar chumas an scoile anailís a dhéanamh ar cén áit go sonrach a chaitear an t-airgead agus an ghníomhaíocht soláthair seo a nascadh leis an bplean foriomlán gearrthéarma agus meántéarma don scoil, agus ar an gcaoi sin é a phleanáil, é a chur in ord tosaíochta agus buiséadú a dhéanamh dó. Tá an t-eolas seo tábhachtach ar an gcéad dul síos chun cur ar chumas an scoile léargas a fháil agus smacht a thógáil ar cad atá á chaitheamh, cén áit agus cé aige in aon bhliain ar leith. Ar an dara dul síos, cuidíonn sé leis na cleachtóirí soláthair (an OSR) agus an ROS riachtanais

na hearnála i gcoitinne a shainaithint, agus ar an gcaoi sin maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas pleanála chun earraí agus seirbhísí coitianta a fhoinsiú.

## 1.1 Cad is brí leis an téarma 'catagóir'?

Is éard is catagóir ann ná grúpáil ardleibhéil de tháirgí nó seirbhísí a shuíonn le chéile, trí chosúlacht, chun grúpa soláimhsithe a dhéanamh do chúiseanna soláthair agus cuntasaíochta (féach Aguisín D)

Áiríonn samplaí de chatagóirí de chaiteachas scoile (le roinnt fochatagóirí gaolmhara)::

1. Oideachas – Costais (seachas Tuarastail) lena n-áirítear mar shampla, ábhair oideachais, soláthairtí ealaíne, soláthairtí seomra ranga, scéimeanna do leabhair ar cíos etc.
2. Cothabháil agus Deisiúcháin ar Fhoirgnimh - Caiteachas reatha a bhaineann le cúram agus cothabháil ar fhoirgnimh, tailte na scoile etc.
3. Fóntais: a áiríonn billí leictreachais, gáis, breoslaí agus uisce.
4. T.F.C. agus Trealamh Oifige: T.F. - Trealamh, Táibléid, Ríomhairí, Printéirí, deisiú T.F., cíos agus cothabháil ar fhótachóipeálaithe, Trealamh Sheomra Poist, fóin phóca agus línte talún.
5. Cló agus Stáiseanóireacht: soláthar de pháipéar fótachóipeála agus il-oifige, soláthar stáiseanóireachta agus soláthairtí oifige.
6. Glantachán – glantachán áitreabh, glantachán domhain, boscaí bruscar sláintíochta, glantachán draenach, mataí doirse etc.
7. Bainistíocht Dramhaíola – diúscairt bruscair
8. Slándáil
9. Iompar
10. Árachas

Má cheadaíonn an fheidhmiúlacht é, moltar go gcoinneodh do chóras cuntasaíochta taifead míosúil ar gach mír laistigh de gach fhochatagóir, ag forbairt go dtí iomlán carnach bliantúil de réir catagóire. Ceadaíonn sé seo comparáid bliain-ar-bhliain a dhéanamh, a chuireann an fhianaise ar fáil trínar féidir le scoil patrúin caiteachais a rianú agus cinntí oilte a dhéanamh nuair atá a riachtanais ceannaigh á bpleanáil aici. Féadfaidh sé freisin deis a aibhsiú chun luach ar airgead a mhéadú.

Nuair atá anailís déanta ar 'chaiteachas' na scoile, agus cinneadh déanta nach mór athbhreithniú a dhéanamh ar tháirge nó seirbhís d'fhonn luach ar airgead a mhéadú, áiríonn an chéad chéim eile an cheist conas foinsiú a dhéanamh: trí chonradh láraithe atá ar fáil cheana, nó trí acmhainní laistigh den scoil sa chás nach ann do chonradh láraithe.

## 1.2 Briseadh síos ar bhuiséad na scoile de réir na catagóire caiteachais

Go feadh méid áirithe nó eile, is dócha go dtarlaíonn an próiseas seo cheana i scoileanna. Tuigtear go gcuimsíonn an scrúdú ar an gcaoi ina gcaitear airgead an scoile na próisis um

bailiú, glanadh, rangú agus anailísiú ar shonraí caiteachais. Is é an fócas deiridh atá aige seo ná costais soláthair a laghdú de réir a chéile, feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh. Is féidir leis tionchar a bheith aige, áfach, ar réimsí eile bainistíocht ar stoc, buiséadú agus pleanáil.

Tá trí chroí-réimse de mheasúnú caiteachais.  Is iad seo;

(i) léargas iomlán a bheith ar cad atá á chaitheamh i ndáiríre ag leibhéal catagóire (macra-radharc);

(ii) briseadh síos ar an gcaoi ina bhfuil airgead na scoile á chaitheamh in aghaidh na fochatagóire (micrearadharc); agus

(iii) Féachaint go criticiúil ar na próisis trína chaitheann an scoil a gcuid airgid chun earraí agus seirbhísí a fhoinsiú.

Trí ghiaráil ar na trí cinn ar fad, is féidir le scoileanna freagraí a ghiniúint ar na ceisteanna ríthábhachtacha a théann i gcion ar a gcaiteachas, lena n-áirítear:

- Cad atá á chaitheamh agam faoi láthair (bonnlíne)?
- Cé leis atáim á chaitheamh?
- An bhfuilim ag fáil cad atá de dhíth orm agus ar an luach is fearr – cad iad mo thagarmharcanna chun luach a thomhas?

Moltar go ndéanfar an briseadh síos ar chaiteachas na scoile de réir catagóire, ag tosú leis na catagóirí caiteachais is mó, catagóir amháin ag an am, ag obair síos an liosta de chatagóirí agus ag liostáil na míreanna fochatagóire a chruthaíonn an t-iomlán carnach den chaiteachas laistigh den chatagóir sin.

## CÉIM 2:
## Bainistiú ar Fhoinsiú agus Catagóir

Má chuirtear roinnt smaointeoireachta straitéisí i bhfeidhm ar an gcur chuige chun earraí agus seirbhísí a fhoinsiú, cuirtear an próiseas pleanála don cheannach ar bhonn foirmiúil. Trí eolas faoi thomhaltas san am atá thart a bhailiú agus a léirmhíniú, agus trí riachtanais amach anseo a phleanáil, cuireann do scoil ar a cumas buntáiste a bhaint as a cumhacht ceannaigh fhéideartha, trí fhéachaint le riachtanais shainaitheanta sa todhchaí a chnuasach le chéile (comhiomlánú) d'fhonn an luach ar airgead is fearr agus is féidir a aimsiú sa mhargadh. Ba chóir go gcoinneodh an cur chuige seo ceannach neamhphleanáilte nó 'aon uaire' ad hoc ag an leibhéil is ísle agus is féidir, cé go n-admhaítear go bhfuil sé geall le bheith dodhéanta an ghníomhaíocht seo a scrios go hiomlán. Má laghdaítear ceannach neamhphleanáilte freisin laghdaítear an t-am agus an iarracht a chaitear ar ghníomhaíocht den sórt sin, agus dá bhrí sin scaoiltear saor am do ghnó eile scoile. San Earnáil Phoiblí, bíonn an príomhról ag an OSR i gcomhiomlánú riachtanas agus i spriocdhíriú caiteachais go straitéiseach ar fud na hearnála poiblí d'fhonn luach ar airgead a fháil trí straitéisí foinsithe cuí a úsáid.

## An chéad phointe teagmhála: OSR.

Tá líon conarthaí agus creataí ar bun ag OSR, líon atá de shíor ag méadú, atá ar fáil do scoileanna le húsáid. Is féidir mionsonraí faoi na socruithe seo a fháil ar an leathanach ar leith do Scoileanna ar shuíomh gréasáin OSR www.procurement.ie. D'fhonn féachaint ar mhionsonraí na socruithe seo, ní mór do bhall d'fhoireann na scoile - de ghnáth Príomhoide na scoile nó rúnaí na scoile - a scoil a chlárú mar 'cheannaitheoir' ar an suíomh gréasáin procurement.ie. Cuirfear roinnt ceisteanna ar ais ar scoileanna d'fhonn r-phoist chineálacha nó phearsanta a bhailíochtú; déantar é seo lean chinntiú nach féidir ach leis an scoil clárú faoina hainm, agus ar an gcaoi sin rochtain a fháil ar eolas tráchtála teoranta. Ar an gcéad dul síos, ba chóir don scoil an suíomh gréasáin a sheiceáil do shocruithe **BEO** chun freastal ar a riachtanais. Uirlis an-úsáideach do scoileanna is ea an chéad chéim eile – seiceáil ar sceideal na socruithe beartaithe, a thugann radharc 9 mí ar aghaidh – a chuireann ar a gcumas socruithe a fheiceáil atá beartaithe le teacht chun cinn go luath agus b'fhéidir nach mbeidh orthu tuilleadh eolais a lorg dá bharr. Sa chás nach bhfuil sonraí faoi chonradh d'earraí nó seirbhísí atá ag teastáil ar taispeáint duit ar an suíomh gréasáin seo, déan teagmháil le OSR (nó ASS) do shoiléiriú, sula ndéanann tú an cinneadh gabháil d'aistear foinsithe ar bith tú féin (féach Fíor 2 thíos).

**Fíor 2. Creat nó gan creat**

| Má tá Creat OSR ann | Mura bhfuil Creat OSR/Creat Lárnach ann |
|---|---|
| • Féach ar an roinn maidir le 'Cé na hEarraí/Seirbhísí a Chlúdaítear" den leathanach ar leith do Scoileanna ar shuíomh gréasáin OSR.<br>• An bhfuil an táirge/an tseirbhís/an sonrúchán 'oiriúnach' do do scoil? Má tá, lean ar aghaidh leis an mbunú.<br>• B'fhéidir go gcuirfidh an roinn "Conas an Conradh/ Creat seo a Úsáid" atá ceangailte le gach conradh nó creat aonair atá liostaithe ar leathanach na scoileanna ar an suíomh gréasáin procurement.ie an chomhairle atá de dhíth ort. | • Seiceáil le OSR chun féachaint cé acu an bhfuil togra ar bun nó pleanáilte a shásóidh do riachtanais. Is féidir leat freisin athbhreithniú a dhéanamh Sceideal Creataí agus Conarthaí OSR a thugann radharc rollta ardleibhéil 9 mí de thograí atá beartaithe.<br>• Más rud é nach bhfuil socrúchán ar bun, agus go bhfuil an scoil tar éis socruithe beo agus beartaithe a sheiceáil agus má dhéanann siad teagmháil leis an ndeasc chabhrach, b'fhéidir go n-iarrfar orthu foirm Iarratais ar Sheirbhís Soláthair (PSR). B'fhéidir go bhféadfadh OSR féin togra a rith ar son na scoile.<br>• Lean na nósanna imeachta a luaitear sa léaráid ag Aguisín G más rud é go bhfuil socrúchán 'idirlinne' de dhíth go dtí gur féidir le OSR freastal ar an riachtanas. |
| **Cuirfidh deasc chabhrach OSR (support@ogp.gov.ie) comhairle ort maidir le do chéad chéim eile, nó de rogha air sin, ba chóir duit dul i dteagmháil le ASS ag (procurementsupport@jmb.ie).** | |

I gcúinsí ina bhfuil riachtanais scoile sonraithe agus catagóirithe - agus nach bhfuil conradh nó creat lárnach ar fáil cheana chun úsáid a bhaint as agus nach féidir le OSR tabhairt faoin togra ar son na scoile, ansin ní mór don scoil a phróiseas soláthair a dhéanamh i gcomhréir lena ndualgais faoin dlí (féach 2.1 thíos). Aibhsíonn an liosta seo a leanas na próisis nach mór gabháil dóibh chun an riachtanas sonraithe a bhainistiú i gceart.

**Riachtanais a Shonrú** *(i.e. cad atá de dhíth orm, cé mhéad agus cén cháilíocht, agus úsáid a bhaint as costas an earra nó na seirbhíse reatha mar bhonnlíne chun dul ar aghaidh).*

- Athbhreithniú ar an sean agus an nua a roghnú, más gá
- Smaointe maidir le coigilteas costais/luach ar airgead méadaithe a chur faoi bhráid na

mBord Bainistíochta
- Caiteachas laistigh de na srianta buiséid
- Praghsanna a shocrú bunaithe ar thuartha bliantúla cruinne

**Bainistíocht Catagóirí**
- Rioscaí agus tairbhí a shainaithint i dtaca leis an táirge/seirbhís

**Anailís Mhargaidh**
- Bíodh do mhargadh ar eolas agat - Cuardaigh na soláthróirí féideartha uile
- Úsáideoirí an táirge/na seirbhíse a bheith páirteach chun cuidiú leis an táirge/seirbhís ceart a roghnú

**Bainistíocht Cáilíochta**
- Costais a ghearradh agus cáilíochta a fheabhsú
- Rialú Stoic
- Bain an tairbhe is fearr as 'costas iomlán' na húinéireachta

**Feabhsú Leanúnach**
- Saineolas soláthróra a úsáid chun cinntí níos oilte a dhéanamh don todhchaí

**Feidhmíocht Soláthróirí/Bainistíocht**
- Cinntiú go gcoinnítear comhaontuithe i.e. seachadta in am, praghsáil cheart
- Caidreamh a choinneáil le soláthróirí atá agat cheana agus cinn nua á lorg agat
- Aiseolas a thabhairt agus a lorg i bhformáid struchtúrtha.

## 2.1 Oibleagáidí Comhlíonta

Is ionann bheith comhlíontach agus cloí le rialacha agus nósanna imeachta soláthair leagtha amach i dtreoirlínte AE agus náisiúnta, .i. gníomhú i gcomhréir leis an dlí mar a bhaineann le soláthar poiblí.

**Cén fáth gur chóir bheith comhlíontach?**
- Ó tharla go bhfaigheann tromlach na scoileanna níos mó ná 50% dá maoiniú ón Stát, tá sé de cheangal orthu, de réir an dlí, a thaispeáint cén áit a chaitear airgead poiblí, le cruthúnas gur ritheadh a bpróisis soláthair ar bhealach cothrom agus trédhearcach i gcónaí.
- Ba chóir próiseas iomaíoch a úsáid i gcónaí, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla gan choinne *(fíorannamh)*.
- Ní mór cloí le hoibleagáidí i dtaca le reachtaíocht AE agus náisiúnta.
- Tá fócas méadaithe ar chuntasacht agus rialachas.
- Bíonn scrúdú an Choiste um Chuntais Phoiblí (CCP) an-phoiblí, agus béim ar thrédhearcacht, luach ar airgead agus cuntasacht sa scrúdú.

## 2.2 Léiríonn an léaráid seo a leanas an próiseas nach mór a leanúint, ag brath ar leibhéal an chaiteachais in aghaidh an chonartha, mar shampla ní mór conradh le luachanna téarma os cionn €25k a fhógairt ar líne trí eTenders (http://www.etenders.gov.ie/).

**Fíor 3. Tairseacha Soláthair Reatha Náisiúnta agus AE (2016-2018)**

Léiríonn luach gach ceannaigh an costas measta do théarma foriomlán an chonartha.

| Earraí agus Seirbhísí ≤ €4,999.99 | Earraí agus Seirbhísí €5,000 – €24,999.99 | Earraí agus Seirbhísí €25,000 – €208,999.99 | Earraí agus Seirbhísí ≥€209,000 | Oibreacha agus Seirbhísí a Bhaineann le hOibreacha ≤ €50,000 | Oibreacha agus Seirbhísí a Bhaineann le hOibreacha €50,000 – €5,225,000 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Ní mór iad seo a fhógairt ar: www.etenders.gov.ie | Ní mór iad seo a fhógairt ar: www.etenders.gov.ie AGUS Iris Oifigiúil an AE (OJEU) go comhuaineach | | |
| Íosmhéid de 3 luachan scríofa riachtanach (m.sh. r-phost)<br>Roghnaigh praghas is ísle / is oiriúnaí | Íosmhéid de 3 luachan riachtanach<br>Eisigh sonrúchán doiciméadaithe, ina leagtar amach fráma ama, critéir mheasúnaithe agus bhronnta<br>Úsáid bileog scórála chun tairiscintí a mheas<br>Tabhair fógra agus aiseolas do sholáthróirí nár éirigh leo. | Cuir cáipéisíocht tairisceana i dtoll a chéile<br>Socraigh critéir don bhronnadh ag tabhairt ualú do gach ceann<br>Úsáid an bhileog scórála ualaithe chun tairiscintí a mheas<br>Roghnaigh an tairiscint leis an scór is airde<br>Tabhair fógra agus aiseolas don soláthróirí ar éirigh leis agus dóibh siúd nár éirigh leo<br>Bronn conradh | Cuir cáipéisíocht tairisceana i dtoll a chéile<br>Socraigh critéir don bhronnadh ag tabhairt ualú do gach ceann<br>Úsáid an bhileog scórála ualaithe chun tairiscintí a mheas<br>Roghnaigh an tairiscint leis an scór is airde<br>Tabhair fógra agus aiseolas don soláthróirí ar éirigh leis agus dóibh siúd nár éirigh leo<br>Bronn conradh | Ní fhoilsítear Cuireadh chun Luachan Tapa go hoscailte ar www.etenders.gov.ie<br>Féach www.constructionprocurement.gov.ie<br>Féach D/PER/CWMF GN 2.3 Alt 3.2 | Féach D/PER/CWMF GN 2.3 Alt 3.2<br>Oscailte/teoranta, le fógra poiblí www.etenders.gov.ie<br>Déanann an tAonad Pleanála agus Tógála, an Roinn Oideachais agus Scileanna faomhadh ar fhoinsiú agus ar chaiteachas do gach togra caipitil agus tógála (caiteachas as an ngnáth ≥ €5,225,000): www.education.ie/en/Schooldesign/ |

## 2.3 Luach an Chonartha a Ríomh thar téarma ráite an chonartha

- Ba chóir don luachan a bheith bailí ag am tosaithe an nós imeachta
- Ba chóir luach a ríomh gan **CBL a áireamh**
- Úsáid breithiúnas do chonarthaí a mheastar a bheith díreach faoi bhun leibhéil Náisiúnta nó AE (cuir figiúr teagmhais 10% san áireamh agus do luach measta á ríomh)
- Níl sé ceadaithe tograí a fhoroinnt chun iad a choinneáil faoi leibhéil thairseacha an AE
- Maidir le conarthaí ina bhfuil níos mó ná beart amháin, is é luach an chonartha ná iomlán na mbeart a bhaineann le togra amháin
- Ba chóir go n-áireodh luach an chonartha freisin an luach féideartha má tá soláthar i dtéarma an chonartha do thréimhse shínithe shainithe.

## 2.4 Nósanna imeachta do Cheannach ar Luach Íseal

Do chonarthaí earraí/seirbhísí **suas le luach €5,000**:

- Seol sonrúchán gonta ar na riachtanais go leictreonach (le r-phost nó ar chóras eile atá ar fáil) chuig íosmhéid de thriúr (níos mó, más féidir *) soláthróirí ag lorg luachan ar phraghas;
- Roghnaigh an praghas is ísle agus/nó an ceann is oiriúnaí

Do chonarthaí earraí/seirbhísí de luach idir **€5,000 agus €24,999**:

- Seol sonrúchán gonta ar na riachtanais go leictreonach (le r-phost nó ar chóras eile atá ar fáil) chuig íosmhéid de thriúr (níos mó, más féidir *) soláthróirí ag lorg tograí. **Ní mór** duit a chur in iúl do na soláthróirí cad iad na critéir a chinnfidh cé air a mbronnfar an conradh (ceisteanna costais/cáilíochta) - déan tagairt do Roinn 2.10 thíos
- Ina dhiaidh sin, bain úsáid bileog scórála (féach bileog scórála shamplach ag **Aguisín E** den doiciméad seo) chun tairiscintí a mheas go hoibiachtúil i gcoinne na gcritéar bronnta atá luaite, ag roghnú an chinn is oiriúnaí agus ag tabhairt fógra do na soláthróirí mírathúla, ag tabhairt aiseolais dóibh.

* Má lorgaítear níos mó ná an t-íosmhéid de 3 luachan déantar tástáil níos fearr ar an margadh agus, dá bhrí sin, is dóichí go mbainfear amach toradh ar luach níos fearr ar d'iarrachtaí.

## 2.5 Nósanna Imeachta do Thairiscintí ar Luach Ard – casta, mar sin téigh i gcomhairle le ASS mar chéad chéim

Do chonarthaí earraí/seirbhísí de luach **idir €25,000 agus €208,999**, ní mór doiciméad tairisceana foirmiúil a chruthú agus a fhógairt ar http://www.etenders.gov.ie/. Is iad an tascanna ná:

- Critéir chuí a shocrú do bhronnadh an chonartha (tá sé seo éigeantach agus is féidir agóid dhlíthiúil a bheith ann mura ndéanfar i gceart é);
- Bileog scórála ualaithe a úsáid (féach bileog scórála shamplach ag **Aguisín E** den doiciméad seo) chun meastóireacht a dhéanamh ar na tairiscintí go hoibiachtúil i gcoinne na gcritéar bronnta luaite (ag cur ualaithe níos airde ar chritéir níos tábhachtaí) chun teacht ag an tairiscint is mó buntáiste go heacnamaíoch, arna mheas ar bhonn an chóimheasa is fearr praghas-cáilíocht ag baint úsáide as cur chuige costas-éifeachtachta e.g. costáil saolré a mheas más cuí;
- Déantar marcanna a dháiltear ar chostas/praghas tairgthe a ríomh mar seo a leanas: - An costas/praghas is ísle a tairgeadh os cionn an costas/praghas in aghaidh an togra, méadaithe faoi uasmhéid na marcanna ar fáil sa chritéar seo;
- Coinnigh taifead foirmiúil den phróiseas meastóireachta, a thugann cur síos ar na marcanna a bronnadh faoi gach critéar laistigh de gach togra a fuarthas. Is den tábhacht é taifead a dhéanamh ar na tréithe sainiúla agus na buntáistí coibhneasta atá ag an tairiscint a roghnaíodh i gcoinne na gceann a diúltaíodh dóibh;
- Roghnaigh an togra is airde scóir ar an iomlán agus tabhair fógra do na soláthróirí rathúla agus mírathúla, ag tabhairt aiseolais mhionsonraithe i scríbhinn dóibh lena n-áirítear ráiteas cén fáth nach sásaíonn oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí sa togra riachtanais oibriúcháin nó feidhmiúla.

Do chonarthaí de luach **os cionn €209,000**, ní mór doiciméid tairisceana foirmiúla a chruthú (mar atá luaite thuas) agus a fhógairt ar http://www.etenders.gov.ie/ agus http://www.ojeu.com/, Iris Oifigiúil an AE (OJEU). Tá na rialacha céanna i bhfeidhm agus atá leis an tairseach thuas, ach bíonn an próiseas ann laistigh de mhion-amlínte déine, áfach.

- Ina theannta sin, déan iarracht an conradh a chur i gcrích le do rogha soláthróir a luaithe agus a bhíonn an tréimhse neamhghníomhaíochta imithe gan dúshlán (féach 2.6 thíos).

## 2.6 Tréimhse Neamhghníomhaíochta

I ndlí an tsoláthair, ní mór duit foráil a dhéanamh do thréimhse íosmhéid neamhghníomhaíochta chun ligean do thairgeoirí mírathúla faoiseamh éifeacht réamhchonartha a fháil. Ní féidir leis an údarás conarthach conradh a chur i gcrích le tairgeoir roghnaithe aitheanta i rith an ama seo. Tá an fhoráil seo ann go sainiúil do chonarthaí os cionn tairseacha an AE agus déantar í a chur i bhfeidhm mar seo a leanas:

- Má chuirtear torthaí an chomórtais tairisceana in iúl le facs/r-phost, maireann an tréimhse neamhghníomhaíochta 14 lá ón lá i ndiaidh an lae ar a eisítear torthaí an chomórtais.
- Má chuirtear torthaí an chomórtais tairisceana in iúl tríd an bpost, maireann an tréimhse neamhghníomhaíochta 16 lá ón lá i ndiaidh an lae ar a eisítear torthaí an chomórtais.

Cé nach bhfuil foráil ar bith sa dlí do thréimhse neamhghníomhaíochta i soláthairtí faoi bhun thairseach an AE, is cleachtas coitianat anois tréimhse neamhghníomhaíochta 10 lá oibre a chur i bhfeidhm do chonarthaí sa réimse luacha **€25,000 - €208,999** a fhógraítear go poiblí ar shuíomh gréasáin e-tenders (féach Roinn 2.5 thuas).

## 2.7 Nósanna imeachta foirmiúla chun tairiscintí a fuarthas a oscailt.

Ní mór d'oscailt na dtairiscintí tarlú ag an aon suí amháin, (*cruthaíonn an áis r-phoist ar líne in eTenders a rian iniúchta féin*) i bhfianaise triúr (más féidir) atá freagrach don Bhord Bainistíochta (BB), agus ní mór don Phríomhoide a bheith ar dhuine acu.

Tá nóta treorach do BB, a thugann cur síos ar fhreagrachtaí an Bhoird i dtaca le RCT agus CBL ar fáil ó www.revenue.ie.


**Ní mór** comhad ina bhfuil fianaise ar na nósanna imeachta um thairiscint agus luachan a leanadh a choinneáil do scrúdú más gá.

Chun eolas níos sainiúla a fháil maidir le tairiscint agus an rogha de nós imeachta, meastóireacht ar thairiscintí agus torthaí a eisiúint, déan teagmháil le ASS ag procurementsupport@jmb.ie

## 2.8 Luach ar Airgead (VfM)

An leor an dlí a chomhlíonadh nó an bhfuil tábhacht le VfM freisin?

**Fíor 4. Múnla Luach ar Airgead (VfM)**



Is féidir achoimre a dhéanamh ar VfM le trí E: *eacnamaíocht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht*. Tá níos mó i gceist le luach ar airgead a bhaint amach ná díreach torthaí maithe ceannaigh a fháil don scoil. Má bhaintear amach luach ar airgead, ciallaíonn sé sin freisin:

- Laghdú ar na costais chun ans coil a rith, lena n-áirítear earraí agus seirbhísí den cháilíocht cheart agus leis an bpraghas is ísle a cheannach (*eacnamaíocht)*;
- An buntáiste is mó agus is féidir a fháil as gach euro a chaitear sa scoil;
- Úsáid a bhaint as na hacmhainní uile – foireann, foirgnimh agus trealamh – don éifeacht is fearr agus cur amú a sheachaint *(éifeachtúlacht)*; agus
- A chinntiú go mbíonn na gníomhaíochtaí uile dírithe ar spriocanna na scoile a bhaint amach - *(éifeachtacht)*.

Is féidir le scoil na torthaí is fearr a fháil trí phrionsabail luach ar airgead a chur i gcroílár na gcinntí pleanála uile.

Seo a leanas bealaí inar féidir le pleanáil VfM tionchar suntasach a bheith ar na torthaí a fhaightear:




- inntiú go bhfuil machnamh déanta ag an scoil ar na himpleachtaí airgeadais atá lena cinntí pleanála. Mar shampla, ag tús gach scoilbhliana, costas measta a shannadh le gach gníomhaíocht shuntasach i bplean na scoile don bhliain sin.
- Athbhreithniú ar chomharduithe airgeadais na scoile i gcoinne na gcostas réamh-mheasta ó am go ham, lena chinntiú go caitear airgead mar is cuí, agus ailínithe leis na gníomhaíochtaí beartaithe le linn na bliana airgeadais.
- Cinntiú go dtairgeann na hearraí agus seirbhísí a cheannaíonn an scoil fíor-luach.
- Comhoibriú níos mó a spreagadh le scoileanna eile. Mar shampla:
  - Eolas agus feasacht a chomhroinnt maidir leis an margadh (na margaí) d'earraí agus seirbhísí ar leith
  - Barainneachtaí scála sa cheannach, (sa chás nach bhfuil creat/conradh OSR ann fós)
  - Scrúdú ar dheiseanna chun acmhainní agus iarrachtaí a chomhroinnt.
  - Eolas caiteachais a úsáid nuair a bhíonn cinneadh (cinntí) ceannaigh á dhéanamh. Trí shonraí caiteachais a thaifeadadh sna córais airgeadais, (Excel, TAS, Sage nó eile) maidir le mír aonair/in aghaidh na catagóire, is féidir éagsúlachtaí a shainaithint, a anailísiú agus a cheistiú. Tugann an t-eolas seo soiléire duit maidir lena bhfuil tú ag idirbheartaíocht ar a shon, nuair is gá.

Tá Boird Bhainistíochta suite go maith chun athbhreithniú agus ceistiú a dhéanamh ar na naisc idir torthaí maithe ó sholáthar pleanáilte i gcoinne na roghanna ceannaigh gearrthéarma nó ad hoc a dhéanann an scoil.

## 2.9 Costas Iomlán an táirge/na seirbhíse

Cén áit a shuíonn 'costas iomlán' sa chothromóid VfM?

Is den tábhacht é smaoineamh i dtéarmaí 'costais iomláin', a dhéileálann le príomhthionchair comhshaoil gach táirge nó seirbhíse, agus ní go díreach an 'bunphraghas' amháin. Smaoinigh

ar Mhúnla an Chnoic Oighir, mar shampla, ina bhfuil trian den chnoc oighir ceannaigh os cionn an uisce ach go bhfuil tosca tábhachtacha i gceist sa dhá thrian eile amhail:

**Fíor 5. Múnla an Chnoic Oighir**




## 2.10 Conas an soláthróir ceart a roghnú?

- Cén taithí atá acu? An bhfuil taithí acu cosúil lena bhfuil de dhíth ortsa?
- An bhfuil an cumas teicniúil acu chun riachtanais na scoile a shásamh, i.e. an bhfuil cuntas teiste cruthaithe acu de na hearraí/seirbhísí atá de dhíth a sholáthar in earnáil na scoileanna?
- An bhfuil bonn daingean airgeadais acu? (Tá sé de rogha agat taifid airgeadais / cuntais a iarraidh, ach ní mór duit rochtain a bheith agat ar dhuine éigin atá ábalta iad a scrúdú mar is cuí)
- An bhfuil siad Cáin-Chomhlíontach? - ní mór Deimhniú Imréitigh Cánach bailí a sholáthar sular féidir conradh ar bith níos mó ná €10,000 a bhronnadh.
- An bhfuil struchtúir inmheánacha an tsoláthróra daingean? Mar shampla, ceannach, sealbhú agus smacht éifeachtach (i.e. íosmhéid d'anáis stoic).

- Má tharlaíonn fadhbanna, cén struchtúir atá ar bun ag an soláthróir chun déileáil leis an bhfadhb go tapa agus í a réiteach?
- An féidir leo socruithe éifeachtacha seachadta a léiriú?
- An féidir leo seirbhís den scoth do chustaiméirí a léiriú?

Beidh roinnt de na tosca seo níos infheidhme ná cinn eile ag amanna áirithe nuair atáthar ag cinneadh cad iad na critéir bhronnta is oiriúnaí chun bronnadh conartha a chinneadh. Is é an cur chuige stuama ná cur chuige 'capaill do chúrsaí' a ghlacadh do thionscadail soláthair aonair.

Féadfaidh an próiseas soláthair achar fada ama a ghlacadh, ag brath ar chastacht an tionscadail. Féadfaidh tionscadal éirí casta go maith toisc nach mór roinnt nósanna imeachta agus critéir a bhreithniú agus a leanúint sula roghnófar táirge/seirbhís. Ba chóir go mbeadh sé mar 'ghnáthriail' tionscadail ar scála ard agus ar luach ard a fhágáil faoi na cleachtóirí cáilithe laistigh den OSR más féidir – is obair fhada í, agus í breac le riosca dlí. Bain úsáid as socruithe idirlinne gearrthéarma más féidir go dtí gur féidir le OSR freastal ar riachtanais do scoile, ach téigh i gcomhairle le ASS maidir leis an ngníomh is fearr sula ngabhann tú d'aon tionscadal soláthair ar luach ard.

## CÉIM 3: Bainistíocht Conarthaí

Tarlaíonn Bainistíocht Conarthaí i ndiaidh don dá pháirtí na téarmaí agus coinníollacha agus leibhéil na feidhmíochta nó na seirbhíse atá de dhíth a chomhaontú.

### Conas conradh a bhainistiú

Go minic, déantar neamhaird den chéim seo nó caitear go neamhfhoirmiúil léi, ach is é an ghné is tábhachtaí den phróiseas soláthair chun na torthaí is fearr a fháil ó do shocruithe foinsithe le do sholáthróirí (.i. an bhfuair tú na hearraí/seirbhís a tairgeadh? Bí eolach faoi na téarmaí agus coinníollacha uile, sásaigh na téarmaí íocaíochta comhaontaithe, agus cuir nós imeacht um réiteach fadhbanna isteach etc.)

Má dhéantar bainistíocht cheart ar chonradh, go háirithe ceannach ar luach ard nó luach meánach, déanfar deimhin de go soláthrófar d'earraí nó seirbhísí mar a iarradh, in am - i gcónaí, agus cuideofar leat monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán an tsoláthróra ar na bealaí seo:

- Cóipeanna a choinneáil de na doiciméid agus den chomhfhreagras gaolmhar go léir, iad i gcomhad lena chéile ar bhealach córasach
- Caidreamh maith a chruthú leis an soláthróir, ag coinneáil bealaí cumarsáide ar oscailt trí athbhreithnithe gnó ar sholáthróirí (SBRanna). Téigh i dteagmháil le SPU má tá tuilleadh eolais uait faoi seo.
- Bain tairbhe as saineolas an tsoláthróra chun bearta breisluacha a chur sa chaidreamh,

ach a bheith cúramach go háirithe gan dul níos faide ná an scóip dá bhfuil tairiscint déanta ina leith agus íoc níos mó as seirbhísí nach ndearnadh tairiscint ina leith ar an gcéad dul síos.

- Cinntiú go ndéanfar rioscaí a shainaithint agus go bhfuil nósanna imeachta ar bun chun déileáil le fadhbanna go tapa agus chun fadhbanna a réiteach, ar bhealach tráthúil.
- Úsáid a bhaint as cártaí tuairiscithe soláthróirí, achoimre ar fheidhmíocht gur féidir a athbhreithniú leis an soláthróir nuair is gá.
- Plean teagmhais a bheith agat.
- Athbhreithniú ar chríoch-théarmaí an chonartha roimh ré chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an bplean todhchaí chun na hearraí nó na seirbhísí atá i gceist a fhoinsiú.

# CÉIM 4: Foréileamh go hÍocaíocht

## Cad atá i gceist le Ceannach?

I gcoitinne, tagraíonn an chéim seo do na gnáth-cheannacháin ar luach íseal a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar scoil, cé go bhfuil sí riachtanach do na ceannacháin uile. Áirítear léi na gnéithe uile d'ordú earraí nó seirbhísí amhail iarratas, faomhadh, taifead ordú ceannaigh (PO) a chruthú agus glacadh na n-earraí. Tugtar an 'Próiseas um Fhoréileamh go hÍocaíocht' ar an bpróiseas seo.

**Fíor 6. Próiseas um Fhoréileamh go hÍocaíocht Tipiciúil**

| | Céim Foréilimh | Faomhadh | Ceannach | Glacadh | Rianú | Íocaíocht a Dhéanamh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Gníomhaíochtaí agus Deighilt na nDualgas | **Foréilitheoir:** Sainaithníonn an Riachtanas agus Sonraí Cáipéise | **Príomhoide:** Ordú Ceannaigh Faofa<br>**Riarthóir:** Curtha Isteach sa Chóras | **Foréilitheoir:** Ordú Ceannaigh Curtha | **Foréilitheoir:** Faigheann earraí agus aibhsíonn aon neamhréir leis an soláthróir<br>Cuireann doiciméid seachadta chuig an riarthóir | **Riarthóir:** Nuashonraíonn an córas<br>Coinnithe ar chomhad, feitheamh ar shonrasc | **Riarthóir cuntais:** Seiceálann an sonrasc i gcoinne an ordaithe ceannaigh<br>**Foréilitheoir agus Príomhoide:** Faomhadh Deiridh<br>Riarthóir: Déanann Íocaíocht |

Beidh nósanna imeachta éagsúla ann a rialaíonn an próiseas ceannaigh ó scoil go scoil, ach léiriú is ea an cur chuige a mholtar anseo ar mhúnla dea-chleachtais.

Ba chóir nósanna imeachta ceannaigh a bheith bunaithe agus faofa ag an mBord Bainistíochta, ag leagan amach na socruithe chun earraí a cheannach agus a ghlacadh, agus cuntasaíocht

astú. Seachas gnáthmhíreanna, níor chóir ceannach a dhéanamh ach de bhun ordaithe ceannaigh faofa dearbhaithe ag an bPríomhoide.

Má tá córais láimhe ann, ba chóir leabhair PO a bheith clóite leabhair réamh-uimhrithe le sonraí agus lógó na scoile. Beidh na leabhair i bhfoirm trí chóip. Ba chóir leabhair na n-orduithe a choimeád i gcónaí in oifig riarthóir na scoile. Má bhaintear úsáid as pacáistí bogearraí cuntasaíochta, is féidir an próiseas seo a uathoibriú agus an foréileamh PO a phriontáil amach nó a chur le r-phost chuig an soláthróir go leictreonach.

**Is den ríthábhacht é, cibé córas atá in úsáid agat faoi láthair i do scoil, nach mór deighilt shoiléir a bheith ann idir an duine a ardaíonn an foréileamh ar ordú ceannaigh, an duine a fhaomhann an t-ordú, agus an duine a cheadaíonn an íocaíocht.**

## 4.1 Céim Foréilimh

Déanfaidh an duine atá ag lorg na hearraí nó na seirbhísí an foréileamh PO a líonadh isteach go hiomlán in oifig riarthóir na scoile, é a shíniú, agus é a thabhairt do riarthóir na gcuntas in éineacht le haon doiciméid tacaíochta le luachana/praghsanna. Ba chóir go n-áireodh na mionsonraí:

- Cur síos ar earraí nó seirbhís
- Líon
- Dáta ar a bhfuil siad de dhíth
- Ionad costais / cód
- Soláthróirí molta agus praghsáil
- Faomhadh

## 4.2 Faomhadh

Tabharfar an foréileamh ar PO agus aon doiciméid tacaíochta don Phríomhoide le faomhadh agus nuair a dhearbhaíonn an Príomhoide an t-ordú cuirtear ar ais chuig an riarthóir scoile é. Déanfaidh riarthóir na scoile an t-ordú a thaifeadadh ina iomláine sa chóras agus (más cuí) an chéad chóip den ordú a bhaint ón leabhar mar aon le haon doiciméid tacaíochta agus í a thabhairt don duine a rinne an buniarratas.

## 4.3 Ceannach

Ansin cuirtear an t-ordú ag an duine atá ag déanamh an iarratais trí scanadh, r-phost, facs, agus fón. **NÍ MÓR** an uimhir foréilimh PO a lua leis an soláthróir nuair a chuirtear an t-ordú agus ní mór a chur in iúl don soláthróir nach ndéanfar aon chomhfhreagras, doiciméid seachadta agus sonraisc a phróiseáil ach amháin má chloíonn siad leis an iarratas seo (téarmaí agus coinníollacha).

## 4.4 Glacadh

Ar fháil na n-earraí/seirbhísí ní mór don duine a chuir an t-ordú na hearraí / an tseirbhís a sheiceáil do cháilíocht, cainníocht agus praghas i gcoinne an ordaithe. Ní mór an soláthróir a chur ar an eolas láithreach faoi aon neamhréireanna i dtaca leis na nithe sin agus nó mór nóta a ghreamú leis na doiciméid seachadta, ag tabhairt na sonraí sin.

## 4.5 Rianú

Cuirtear an duillín seachadta maraon leis an ordú agus doiciméid tacaíochta láithreach chuig Riarthóir na gCuntas sa chaoi is gur féidir leo córas na gcuntas a nuashonrú do ghlacadh na n-earraí. Coinníonn Riarthóir na gCuntas iad seo ar chomhad ag feitheamh ar an sonrasc.

## 4.6 Íocaíocht

- Nuair a fhaightear an sonrasc déanfaidh riarthóir na gcuntas é a sheiceáil i gcoinne an ordaithe ceannaigh agus an duillín seachadta maidir le cainníocht agus riocht na n-earraí a seachadadh agus fianaise gur cuireadh an tseirbhís ar fáil ar chaighdeán sásúil. Ba chóir na méideanna, praghsanna agus na ríomhanna ar an sonrasc a sheiceáil go hiomlán. Seiceáil gur luaigh an soláthróir an uimhir ordaithe ar na doiciméid seachadta agus ar an sonrasc.
- Má tharlaíonn neamhréireanna idir an t-ordú/seachadadh agus an sonrasc ba chóir iad seo a chur in iúl don duine a d'ordaigh na hearraí/seirbhísí, agus don Phríomhoide freisin. Ba chóir fógra a thabhairt don soláthróir i scríbhinn. Ba chóir sonraisc nach luann uimhir ordaithe ceannaigh a chur ar ais chuig an soláthróir gan íocaíocht. Cuirfear an sonrasc isteach sa chóras agus coinneofar é d'fhaomhadh íocaíochta.
- Tugtar an sonrasc seiceáilte don duine a d'ordaigh na hearraí d'fhaomhadh deiridh agus nuair atá sé sínithe acu cuirtear an sonrasc ar ais chuig Riarthóir na gCuntas. Tugtar an sonrasc ansin don Phríomhoide d'fhaomhadh deiridh.
- Tugtar na sonraisc fhaofa ansin do riarthóir na gcuntas a scaoilfidh an sonrasc d'íocaíocht. Ní mór an sonrasc, doiciméid seachadta agus ordú a chomhdú ansin ar bhealach córasach, mar shampla, A go Z, in aghaidh na míosa, in aghaidh na tréimhse cuntasaíochta, agus in aghaidh na scoilbhliana. Ag leibhéal na hIar-bhunscoile, ba chóir do gach roinn laistigh den scoil smaoineamh ar a dtaifead féin a choinneáil d'earraí/ seirbhísí a ceannaíodh agus é a réiteach lena mbuiséad.

# Ceisteanna Coitianta (CCanna)

**Cén áit ar féidir liom a fháil amach faoi chonarthaí atá ar fáil do mo scoil faoi láthair?**

Is féidir mionsonraí faoi socruithe soláthair reatha a fháil ar shuíomh gréasáin na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) http://www.procurement.ie/.

**Conas is féidir liom clárú le OSR?**

- Logáil isteach ar http://www.procurement.ie/
- Má rud é nach bhfuil sé déanta agat fós, cláraigh mar Cheannaitheoir (má fhaigheann tú freagra 'preaba ar ais' a deir nach n-aithnítear do r-phost mar sheoladh r-phoist de chuid 'Líonraí Rialtais', seol freagra a dhearbhaíonn gur scoil tú, a thugann uimhir rolla do scoile agus a deir gur mian leat clárú mar cheannaitheoir)
- Nuair a sheolfar sonraí logála isteach agus pasfhocail chugat, sa roghchlár anuas ar leathanach na gCeannaitheoirí, roghnaigh 'Conarthaí Beo'
- Roghnaigh an Chatagóir chuí on liosta anuas
- Fág 'Earnáil' ag an réamhshocrú 'Ceann ar Bith'
- Cliceáil an cnaipe 'Cuir i bhFeidhm'

Sa chás nach bhfuil sonraí faoi chonradh ar leith do na hearraí nó seirbhísí atá de dhíth ar taispeáint duit, déan teagmháil le OSR tríd a ndeasc seirbhíse do chustaiméirí ag support@ogp.gov.ie le haghaidh soiléirithe. Sula ndéanann tú cinneadh gabháil d'aistear foinsithe ar bith tú féin, ba chóir tuilleadh comhairle a lorg ó ASS.

**Conas a shainíonn tú cad is 'earra' ann?**

Is é 'earra(í)' an téarma do tháirgí fisiciúla (inbhraite) á gceannach, amhail stáiseanóireacht, trealamh TFC (crua-earraí), trealamh lónadóireachta, troscán.

**Conas a shainíonn tú cad is 'seirbhís' ann?**

Tagraíonn seirbhís do na scileanna agus saintaithí (dobhraite) á soláthar ag daoine aonair nó comhlachtaí. Áirítear i measc na samplaí: suiteáil agus cothabháil T.F., seirbhísí lónadóireachta, cothabháil tailte.

**Conas a shainíonn tú cad is 'oibreacha' ann?**

I gcoitinne, tagraíonn sé seo d'obair tógála níos mó ná cothabháil, lena n-áirítear foirgnimh nua, síntí, agus athchóirithe. Tá tacaíocht ar fáil ón Aonad Tógála agus Pleanála sa Roinn Oideachais agus Scileanna, agus tá treoir foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie/en/School-Design/ ag an nasc seo.

**Cad a dhéanaim má tá fadhb agam le táirge/seirbhís?**

Ar an gcéad dul síos, ba chóir duit i gcónaí dul i dteagmháil leis an soláthróir/soláthraí seirbhíse ag féachaint leis an fhadhb a réiteach chun sástacht do scoile. Fanann Bainistíocht

Conarthaí mar fhreagracht ar an scoil agus moltar duit loga fadhbanna a choimeád de neamhfheidhmíocht; sonraí a thaifeadadh den fhadhb féin, an uair a d'ardaigh tú an cheist leis an soláthróir nó soláthraí seirbhíse, agus an toradh. Más rud é gur cuireadh an conradh ar bun ag an scoil go háitiúil, ansin is féidir leat féachaint leis na socruithe a chríochnú nó rogha a lorg más rud é nach mbíonn toradh sásúil ann. Ba chóir tuilleadh comhairle a lorg ó SPU sa chás seo. Ach más rud é go dteiptear go rialta ar riachtanais do scoile a shásamh laistigh de chonradh nó creat bunaithe ag an OSR, níor chóir na ceisteanna tearc-fheidhmíochta seo a chur faoi bhráid OSR ach amháin sa chás nár éirigh le hiarrachtaí chun an tsaincheist a réiteach go háitiúil toradh sásúil a bhaint amach. Is den tábhacht a bheith ar an eolas go mb'fhéidir go mbeidh pionóis ag baint le briseadh aontaobhach ar chonradh, ach tabharfaidh OSR comhairle ar an ngníomh is fearr, ar bhonn gach cáis ar leith. Déan teagmháil le OSR tríd a ndeasc seirbhíse do chustaiméirí.

### Cad a dhéanaimid más rud é nach féidir linn an t-íosmhéid de thrí luachan/togra scríofa (le r-phost)?

Is annamh a tharlaíonn sé seo, ach tarlaíonn sé ó am go ham. Ba chóir duit fianaise leictreonach/ r-phoist a choimeád a léiríonn go ndearna tú gach iarracht chun luachana/tograí a lorg. B'fhéidir go dtarlódh cás, mar shampla, ina dtugtar cuireadh do bhreis agus trí chomhlacht luachan a thabhairt, ach go bhfreagraíonn níos lú ná trí cinn le luachan/togra. Meastar gur comórtas bailí é seo, toisc gur sásaíodh an oibleagáid le híosmhéid de thrí luachan a lorg. Tá treoir ar fáil i gcónaí ó ASS maidir leis an rogha ceart le glacadh i gcásanna den sórt sin.

### An bhfuil cead agam bualadh le soláthróirí gan OSR a chur ar an eolas?

Lasmuigh de shrianta na rialacha a rialaíonn comórtas soláthair, is fiú i gcónaí labhairt le soláthróirí agus léargas a fháil ar cad is féidir leis an margadh a chur ar fáil. Ach, mar a moladh cheana, ba chóir duit ar an gcéad dul síos cuardach a dhéanamh ar shuíomh gréasáin OSR féachaint an bhfuil conradh ann cheana don rud atá á lorg ag do scoil. Mura bhfuil a leithéid ar fáil, ba chóir duit ansin teagmháil a dhéanamh le foireann seirbhíse do chustaiméirí OSR chun iad a chur ar an eolas faoi do riachtanais agus b'fhéidir go n-iarrfar ort foirm Iarratais ar Sheirbhís Soláthair (PSR) a líonadh isteach. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh gach scoil é seo chun cur ar chumas OSR léargas a fháil ar na socruithe a bhaineann go sainiúil le scoileanna nach mór a phleanáil ar son earnáil na scoileanna. Má tá amhras ort cad is cóir a dhéanamh, tá an SPU ann i gcónaí chun comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do do scoil.

### Cad a tharlaíonn má cheannaím rud éigin lasmuigh de na creataí OSR?

Moltar duit creat nó conradh OSR a úsáid, más ann dó, do do riachtanas. Más rud é, áfach, ar chúis éigin, go roghnaíonn tú gan é sin a dhéanamh, b'fhéidir go mbeidh ort cosaint i dtaca le luach ar airgead a chur ar fáil as gan úsáid a bhaint as na conarthaí atá ar bun cheana agus atá ar fáil duitse (déan tagairt do Chiorclán 16/13 ó RCPA ag **Aguisín B**).

### Dúradh linn gur féidir linn margadh níos fearr a fháil lasmuigh den chonradh?

Ag brath ar na hearraí nó seirbhísí, b'fhéidir go mbeidh difríochtaí sna praghsanna go minic nó go hannamh. Tá tábhacht le conarthaí chun seasmhacht a thabhairt don cheannaitheoir agus don soláthróir freisin don tréimhse ama atá luaite. Má fhéachann scoil le diúltú do chonradh go luath, féadfar pionóis a thabhú. Is den tábhacht a mheabhrú gur minic a bhíonn bunú conarthaí ar an mbealach ceart costasach agus fadálach go minic nuair a chuirtear na costais riaracháin san áireamh. Ní mór oibleagáidí i dtaca le treoirlínte náisiúnta soláthair

agus leis an dlí um sholáthar poiblí a chomhlíonadh, agus ní mór riosca a shainaithint agus a mhaolú i gceart. Cuireann na ceisteanna seo go léir costais cheilte le praghas a mbeadh cuma tarraingteach air mar rogha ar an gconradh atá agat cheana. Caveat emptor.

### Cad é an difear idir creat agus conradh?

Is éard is creat ann ná comhaontú le líon sainithe de sholáthróirí réamhcháilithe (baill an chreata) chun téarmaí a bhunú a rialaíonn bronnadh conarthaí d'earraí nó seirbhísí ar leith le linn saolré an comhaontaithe. Mar riail i gcoitinne, bronntar conarthaí trí bhíthin comórtas breise (nó mion-chomórtais) teoranta do bhaill an chreata de réir mar a shainaithníonn comhlachtaí de chuid na hEarnála Poiblí, lena n-áirítear scoileanna, riachtanas ar leith. Ní hionann bheith ina mball de chreat agus barántas ar bith a bheith ag soláthróir go mbronnfar conradh ar bith orthu feadh saolré an chomhaontaithe creata, toisc go mbronntar conarthaí de bhun próisis iomaíoch i ngach cás.

### Cad iad na príomhbhuntáistí a bhaineann le creat?

I gcoitinne, tabharfaidh comhaontú creata solúbthacht níos mó don cheannaitheoir i dtaca le foinsiú earraí agus/nó seirbhísí, i dtéarmaí méid agus minicíocht na gcomórtas a eagraítear. Ó thaobh an struchtúir de, ceadaíonn creata straitéisí éagsúla a chorprú: b'fhéidir go gciallódh sé seo riachtanais a bhriseadh síos ina mbearta níos lú; bandaí luacha (€) a shainiú; leathadh geografach a theorannú chun rochtain níos fearr a chur ar fáil do sholáthróirí agus gnóthais bheaga agus mheánmhéide áitiúla. Obair chasta le hualach riaracháin is ea bunú an chreat ar an gcéad dul síos, obair a dhéanann na cleachtóirí gairmiúla laistigh den mhúnla OSR. De ghnáth, is beag an t-ualach riaracháin a ghabhann le comórtais bhreise (nó mion-chomórtais) agus cuireann siad ar chumas conarthaí a bhronnadh réasúnta tapa.

### Cad is Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (OJEU) ann agus cad is brí léi don phróiseas soláthair?

Is í Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (an OJEU) an foilseachán taifid foirmiúil don Aontas Eorpach. Eisítear gach lá oibre í i dteangacha oifigiúla na mballstát. Nil ach gníomhartha dlíthiúla a fhoilsítear san Iris Oifigiúil ceangailteach. Is í Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (OJEU) an áit freisin ina gcaithfear deiseanna tairisceana os cionn na luachanna tairsí OJEU luaite a fhógairt. Is iad seo a leanas na luachanna tairsí reatha (ó Eanáir 2016):

| | Tairseach Nua ón 1 Eanáir 2016 |
|---|---|
| Soláthairtí & Seirbhísí: Baineann an Tairseach le Ranna agus Oifigí Rialtais | €135,000 |
| Soláthairtí & Seirbhísí: Baineann an Tairseach le hÚdaráis Áitiúla agus Réigiúnacha agus comhlachtaí poiblí, **lena n-áirítear scoileanna**, lasmuigh d'earnáil na bhFóntas | €209,000 |
| Oibreacha: Baineann an Tairseach le Ranna agus Oifigí Rialtais, Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha agus comhlachtaí poiblí | €5,225,000 |

### Má chláraíonn mo scoil le conradh amháin (1) OSR, an bhfuil sí, de facto, cláraithe leis na conarthaí go léir? An gá do mo scoil clárú leis na conarthaí go léir?

Más rud é, thar ceann do scoile, go gcláraíonn do chonradh OSR amháin ar leith, níl do scoil cláraithe ach chun an conradh ar leith sin a úsáid. Faoi láthair, seasann gach conradh OSR leis féin. Moltar duit clárú do na conarthaí go léir atá ar fáil a shásaíonn riachtanais earraí agus

seirbhísí do scoile, cé nach bhfuil sé éigeantach é sin a dhéanamh (déan tagairt do Chiorclán 16/13 ó RCAP ag **Aguisín B**).

### Cad é an próiseas meastóireachta?

Is éard atá sa phróiseas meastóireachta ná sraith de chéimeanna atá sainithe go foirmiúil le leanúint ag foireann mheastóireachta - ar a bhfuil Cathaoirleach, b'fhéidir agus ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil, b'fhéidir Príomhoide na scoile, ball nó beirt den Bhord Bainistíochta, agus saineolaí san ábhar - chun measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar na freagraí a fhaightear mar fhreagra ar Iarraidh ar Thairiscint. Chun comhairle a fháil maidir leis an bpróiseas cuí le húsáid, déan teagmháil le ASS sula ndéanfar aon doiciméad i dtaca le hIarraidh ar Thairiscint a ullmhú agus a fhoilsiú.

### Cad is cuspóir agus aidhm le próiseas meastóireachta?

Tá dhá ghné den chuspóir a bhaineann le próiseas meastóireachta

- an togra is iomchuí a roghnú chun freastal ar riachtanais luaite na scoile
- chun rian iniúchta agus tacar de dhoiciméid tacaíochta a sholáthar a thacóidh leis an bpróiseas meastóireachta agus an cinneadh deiridh.

Is í an aidhm ná

- A mhéid agus is féidir, chun suibiachtúlacht a scrios ón bpróiseas meastóireachta
- Chun trédhearcacht a sholáthar sa phróiseas meastóireachta
- Chun a chinntiú go ndéantar meastóireacht ar na tograí go léir ar an mbealach cóir céanna
- Chun riosca a mhaolú, lena n-áirítear an riosca d'agóid dhlíthiúil.

### Cad iad na céimeanna a bhaineann le próiseas meastóireachta?

Áirítear sna céimeanna

- Agus an doiciméad tairisceana á dhréachtadh, roghnaigh critéir bhronnta i.e. na tosca trína chinnfidh tú oiriúnacht togra amháin os cionn togra eile.
- Bunaigh foireann mheastóireachta agus déan iad a mhioncheistiú maidir lena róil laistigh den fhoireann.
- Ar oscailt na dtairiscintí i ndiaidh spriocam na tairisceana, ar dtús seiceáil gach tairiscint a fuarthas do chomhlíonadh – an bhfuarthas í roimh an spriocam chun tograí a fháil agus an sásaíonn sí na critéir pas/teip cáilíochta i ngach gné. Agus é seo curtha i gcrích, cuir liosta le chéile de thairgeoirí nár éirigh leo sa chéim cáilíochta. Ní mór a chur in iúl dóibh seo gur measadh go raibh a dtogra neamh-chomhlíontach, agus na cúiseanna leis sin a lua.
- Ina dhiaidh sin, leanann an fhoireann ar aghaidh leis an bpróiseas meastóireachta agus tugann siad scóir d'fhuílleach na dtograí i gcoinne na gcritéar bronnta réamhullmhaithe agus réamhfhoilsithe.
- Ar chomhaontú agus cur i gcrích na céime seo, eisíonn na torthaí, i scríbhinn, chuig cách go comhuaineach. Ba chóir go dtabharfadh a dtoradh sonraí faoin scór a fuair siad i dtaca le gach critéar bronnta, ag tabhairt sonraí dóibh faoi scóráil agus cúiseanna ar leith a raibh rath orthu nó nach raibh rath orthu.
- Maidir le conarthaí le luach foriomlán €209,000 nó níos mó, ní mór laethanta na tréimhse

neamhghníomhaíochta a chur i bhfeidhm, d'fhonn ligean do chomhlacht mírathúil ar bith achomharc a dhéanamh i gcoinne an toraidh. Ní féidir conradh a shíniú leis an tairgeoir rathúil ach amháin nuair a bheidh an tréimhse neamhghníomhaíochta caite gan dúshlán. (Déan tagairt do Roinn 2.6 den treoir seo freisin)

**Conas a dhéanann OSR iarracht tacú le gnóthais bheaga agus mheánmhéide áitiúla?**

In Aibreán 2014, d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Ciorclán RCAP 10/2014 a dhéanann iarracht conarthaí um sholáthar poiblí a dhéanamh níos inrochtana do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide. Molann an ciorclán go socródh údaráis chonarthacha leibhéil ábhartha agus chomhréireacha i dtaca le hacmhainn airgeadais, láimhdeachas agus árachas do chomhlachtaí tairisceana chomh maith le conarthaí níos mó a bhriseadh síos ina mbearta, más féidir, chun cur ar chumas gnóthas beag agus mheánmhéide tairiscint a dhéanamh do na deiseanna seo. Spreagann an ciorclán gnóthais bheaga agus mheánmhéide freisin chun cuibhreannais a bhunú más rud é nach bhfuil siad mór go leor chun tairiscint a dhéanamh ina gceart féin agus chun clárú ar www.etenders.gov.ie d'fhonn a chinntiú go bhfaigheann siad an nochtadh is mó agus is féidir ar dheiseanna tairisceana. Tugtar nasc don chiorclán sin anseo - http://www.procurement.ie/sites/default/files/circular_10-14.pdf

**An bhfuil seisiúin oiliúna ar fáil chun cuidiú liom doiciméid tairisceana a chur i gcrích?**

Seo rud a dhéanfadh ASS a mheas ar iarratas agus de réir mar a cheadaíonn acmhainní. Tá dlúth-thacaíocht maidir le próisis chearta soláthair a reáchtáil ar fáil duit cheana ó ASS – procurementsupport@jmb.ie.

# Aguisín A

D'eisigh ROS Ciorclán 0060/2013 i dtaca le hathruithe ar chleachtais soláthair phoiblí a rachadh i gcion ar scoileanna;

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Ciorclán um Sholáthar Poiblí 0060/2013

## 1. Cuspóir an Chiorcláin

Is é cuspóir an chiorcláin seo údaráis bhainistíochta na scoileanna a chur ar an eolas faoi athruithe ar chleachtais soláthar poiblí, aird a dhíriú ar imlitir nua a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le húsáid creataí agus conarthaí lárnacha soláthair agus eolas a thabhairt ar chreataí agus conarthaí soláthair atá ábhartha maidir le scoileanna.

## 2. Ceapadh Príomhoifigigh Soláthair agus bunú Oifige nua um Sholáthar Rialtais

I Nollaig 2012, ceapadh Paul Quinn ina Phríomhoifigeach Soláthair don tSeirbhís Phoiblí. Tá Paul Quinn i gceannas ar athchóiriú soláthair ar fud na seirbhíse poiblí agus beidh oifig nua á bhunú aige, an Oifig Soláthar Rialtais (OSR). Rachaidh an OSR i mbun gach soláthair san earnáil phoiblí feasta agus bainfidh comhlachtaí earnáil phoiblí leas as creataí agus conarthaí a cheapfaidh an oifig sin. Tá beartaithe go ngabhfaidh an OSR cúraimí na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair uirthi féin ón 1 Eanáir 2014 Gheofar nuashonrú níos mionsonraithe ar obair Paul Quinn agus an OSR ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Procurement/Procurement.html

## 3. Ciorclán 16/13 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

I gCiorclán 16/13 a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le deireanas leagtar amach an tslí inar cheart do chomhlachtaí poiblí leas a bhaint as creataí agus conarthaí lárnacha. Beidh gach comhlacht, scoileanna san áireamh, a fhaigheann os cionn 50% dá gcistiú ó chistí poiblí, faoi shainordú an chiorcláin seo. Tá cóip den chiorclán i gceangal leis an doiciméad seo. Leagtar béim sa chiorclán ar an ngá atá leis an luach is fearr ar airgead a bhaint amach ó thaobh costas earraí agus seirbhísí, agus gníomhaíocht soláthair á cur san áireamh, leis.

## 4. Creataí agus conarthaí láraithe

Tá roinnt creataí agus conarthaí ar fáil le húsáid ag scoileanna: fóntais, TFC, stáiseanóireacht, trealamh oifige, bainistíocht áiseanna, agus neart eile. Tá an liosta iomlán ar fáil duit nuair a chláraíonn tú mar 'cheannaitheoir' ar www.procurement.ie.

# Aguisín B

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure and Reform

Tag: DPE033/005/12

An 28 Meán Fómhair 2013

Chuig: **Cinn Ranna / Oifigí**

**Ciorclán 16/13: Leasú ar shocruithe maidir le húsáid a bhaint as Conarthaí Lárnach curtha ar bun ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair**

(Tagann an Ciorclán seo in ionad Chiorclán 06/12 i dtaca le Soláthar Poiblí (Comhaontuithe Creata)

A Dhuine Uasail

**Aidhm**

1. Is í aidhm an Chiorcláin seo na comhlachtaí poiblí uile a chur ar an eolas faoi luach is fearr agus is féidir a fháil nuair atá earraí nó seirbhísí a fhaightear go coitianta á soláthar. Ina leith seo tá na creataí agus conarthaí soláthair lárnacha atá bunaithe ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) / Seirbhís Náisiúnta Soláthair (SNS) ceaptha leis na buntáistí is mó agus is féidir a fháil don tseirbhís phoiblí trí chomhshuimiú ar a cumhacht ceannaigh.

2. Meabhraítear do chomhlachtaí poiblí go bhfuil creataí soláthair lárnacha dá leithéid dírithe ar an luach is fearr ar airgead a fháil agus ar chuar ar chumas údarás conarthach seirbhísí a chur ar fáil laistigh dá srianta buiséadta. Ina leith seo, ba chóir do chomhlachtaí poiblí spreagadh a thabhairt do na comhlachtaí poiblí atá faoina sainchúram úsáid a bhaint as na creataí lárnacha. I measc na mbuntáistí a thagann de bharr na gcreataí soláthair lárnacha seo tá: airgead tirim a choigilt, costais riaracháin a laghdú nuair nach mbíonn a oiread céanna tairiscintí le déanamh níos mó ná uair amháin; saineolas níos fearr ar cheannach; cur chuige níos comhleanúnaí; leibhéil seirbhíse níos airde agus cinnteacht ó thaobh an dlí de. Meabhraítear d'oifigigh freisin gurb é polasaí an Rialtais é go mbainfeadh comhlachtaí poiblí úsáid, más féidir, as na socruithe lárnacha go léir den sórt seo.

**Ról na nOifigeach Cuntasaíochta agus Daoine Cuntasacha**

3. Meabhraítear d'Oifigigh Chuntasaíochta agus Daoine Cuntasacha gur chóir go dtacódh córais um rialú inmheánach laistigh de chomhlachtaí seirbhíse poiblí le riachtanais

an Chiorcláin seo a chomhlíonadh. Tá cleachtais soláthair faoi réir ag iniúchadh agus scrúdú faoin Acht um an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 agus tá Oifigigh Cuntasaíochta cuntasach go poiblí as caiteachas a thabhaítear. Ba chóir don lucht bainistíochta i Ranna agus in Oifigí Rialtais a chinntiú go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta ar bun chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha a chinntiú.

4. Sa chás nach mbaineann comhlachtaí poiblí úsáid as creataí soláthair lárnacha ba chóir go mbeidís ábalta cosaint a sholáthar i dtaca le luach ar airgead. Ba chóir cosaintí i dtaca le luach ar airgead na costais iomlána a bhaineann le comórtas soláthair phoiblí a reáchtáil a chur san áireamh. Ní mór do chomhlachtaí poiblí a n-oibleagáidí faoin dlí agus treoirlínte náisiúnta a chomhlíonadh.

5. Tá feidhmeanna SNS agus an Aonaid Polasaí um Sholáthar Poiblí Náisiúnta le haistriú chuig OSR an 1 Eanáir 2014. Gabhfaidh OSR do shraith de leasuithe a fhéachann le cuidiú leis an Earnáil Phoiblí i gcoitinne seirbhísí poiblí atá de dhíth go mór a chur ar fáil ar bhealach éifeachtúil agus cost-éifeachtach. Maidir leis seo, beidh tuilleadh Ciorcláin á n-eisiúint ag OSR i dtaca le socruithe comhbhailithe amhail creataí soláthair lárnacha, de réir mar a chuirtear na bearta seo ar bun.

**Scaipeadh**

6. Iarrtar ort an Ciorclán a chur in iúl do –
   - an fhoireann uile i do Roinn/Oifig a d'fhéadfadh a bheith bainteach le soláthar earraí agus seirbhísí, agus,
   - na húdaráis chonarthacha uile faoi scáth do Roinne/Oifige lena chinntiú go gcuirtear socruithe ar bun chun a théarmaí a chur i bhfeidhm sna réimsí atá faoi scáth do Roinne/Oifige.

**Fiosruithe**

7. Ba chóir fiosruithe maidir le creataí soláthair lárnaigh ar leith a chur trí www.procurement.ie. Ba chóir aon cheisteanna maidir leis an mbeartas atá mar bhonn agus mar thaca ag an gCiorclán seo a chur chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag procure@per.gov.ie.

Is mise, le meas,
Paul Quinn
An Príomhoifigeach Soláthair

# Aguisín C

| An Roinn Oideachais agus Scileanna<br>Sráid Maoilbhríde,<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 RC96 | AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA \| DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS | An Roinn Oideachais agus Scileanna<br>Marlborough Street<br>Dublin 1<br>D01 RC96 |
|---|---|---|

**Eisithe:** Deireadh Fómhair 2015 **Ciorclán Uimhir:** 0056/2015

**Chuig:** Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, Iar-bhunscoileanna, Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

**Úsáid as Socruithe Lárnacha Soláthair curtha ar bun ag an Oifig um Sholáthar Rialtais**

Tá soiléiriú sa chiorclán seo maidir le húsáid na socruithe soláthar poiblí atá curtha i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Ba cheart é a léamh i dteannta chiorclán 16/2013 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a seoladh chuig na scoileanna go léir in éineacht le ciorclán 60/2013 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus a bhaineann le cúrsaí soláthair san Earnáil Phoiblí. Tá na ciorcláin DES 60/2013 agus D/PER 16/2013 ar fáil ag http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0060_2013.pdf.

**Tabhairt faoi Sholáthar**

Tá sé de rogha ag bainistíocht scoile tabhairt faoi sholáthar ina n-aonair. Níl sé éigeantach do scoileanna socruithe soláthair láraithe a úsáid. Meabhraítear do scoileanna, áfach, an tábhacht atá le luach ar airgead a fháil nuair atá airgead poiblí in úsáid agus go bhfuil socruithe soláthair láraithe dírithe ar an luach is fearr ar airgead a fháil. Is polasaí an Rialtais é go mbainfeadh comhlachtaí poiblí úsáid, más féidir, as na socruithe lárnacha seo go léir (déan tagairt do chiorclán 16/2013 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe).

I gcás go roghnaíonn comhlacht poiblí gan úsáid a bhaint as socrú soláthair lárnacha, ba cheart a dheimhniú go mbeidh fócas cuí ar an dea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun go gcloífear leis na treoirlínte soláthair ábhartha agus le hoibleagáidí beartais agus dlí d'fhonn luach ar airgead (LAA) a bhaint amach agus a thaispeáint go ndearnadh amhlaidh. Beidh an luach iomlán a bhaineann le soláthar a lorg le cur san áireamh agus an LAA á chinneadh, chomh maith le costas pé earraí agus seirbhísí atá i gceist.

Tá comhairle faoi dhea-chleachtas soláthair le fáil ag www.procurement.ie.

**Seirbhísí Tacaíochta agus Soláthair**

Bhunaigh an Rialtas an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) chun treoir a chur ar fáil maidir le soláthar lárnaithe agus chun eolas agus tacaíocht a chur ar fáil maidir le socruithe soláthair lárnacha. Tá sé de chúram ar an Oifig seirbhís lárnach foinsiúcháin a chur ar fáil do gach comhlacht poiblí, scoileanna san áireamh. Gheofar sonraí na gcreat agus na gconarthaí atá ar fáil ag www.procurement.ie nó trí r-phost a sheoladh chuig support@ogp.gov.ie.

Bunaíodh an tAonad um Sholáthar do Scoileanna (ASS) mar acmhainn tacaíochta maidir le soláthar laistigh den earnáil oideachais. Tugann sé comhairle faoin mbealach is fearr chun teacht ar na creataí agus na conarthaí lárnacha agus iad a úsáid. Tá sé de mhisean acu a dhéanamh cinnte go gcuirtear riachtanais soláthair do scoileanna san áireamh nuair a bhíonn soláthar á lorg go lárnach sa chaoi go mbeidh na scoileanna in ann leas a bhaint as earraí agus conarthaí seirbhíse ar chostas níos ísle.

Faigheann scoileanna san earnáil BOO tacaíocht ón mBord Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann siad, agus ón Aonad um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí laistigh de Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ).

Tá eolas maidir le soláthar san earnáil oideachais le fáil ón OSR, ó BOOÉ nó ar on http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Procurement/. Beidh seirbhís nua ar fáil faoin mbliain 2016 a thabharfaidh deis do bhainisteoirí scoile síntiús a bhaint amach le nuachtlitir faoin soláthar san earnáil oideachais a choinneoidh scoileanna ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí agus faoi dheiseanna soláthair. Bunaítear seirbhísí tacaíochta soláthair chun cabhrú le scoileanna na hearraí agus na seirbhísí a bhíonn de dhíth orthu a fháil ar chostas níos ísle.

**Buntáistí do scoileanna**

I gciorclán 16/2013 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe imlínítear cuid de na buntáistí a bhaineann le socruithe soláthair lárnacha, lena n-áirítear airgead tirim a choigilt, costais riaracháin a laghdú nuair nach mbíonn a oiread céanna tairiscintí le déanamh níos mó ná uair amháin; saineolas níos fearr ar cheannach; cur chuige níos comhleanúnaí; leibhéil seirbhíse níos airde agus cinnteacht ó thaobh an dlí de.

**Deiseanna**

Déanann an OSR eolas maidir le creataí agus conarthaí lárnacha nua a fhoilsiú go rialta ar a suíomh gréasáin, www.procurement.ie. Foilseofar roinnt eolas ábhartha maidir le deiseanna ar an suíomh gréasáin oideachais chomh maith.

**Sonraí teagmhála**

| | | |
|---|---|---|
| OSR | support@ogp.gov.ie | 076 100 8000 |
| SPU | procurementsupport@jmb.ie | 01 203 5899 |
| BOOÉ | procurement@etbi.ie | 045 901070 |

**Naisc úsáideacha**

- http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Procurement/
- www.procurement.ie

# Aguisín D

## Sampla de Thábla Bainistíochta Catagóirí, in ord an chaiteachais ia airde

| Caiteachas 14/15 | Sonraí Mionsonraithe | Soláthróir(í) 14/15 | Costas 14/15 | Costas 13/14 | Difear |
|---|---|---|---|---|---|
| **Glantachán** | | | | | |
| Glantachán | | | | | |
| Ábhair Ghlantacháin agus Shláinteachais | | | | | |
| Glantachán Domhain | | | | | |
| Boscaí bruscair sláintíochta | | | | | |
| Glanadh draenacha | | | | | |
| Mataí dorais | | | | | |
| **IOMLÁN:** | | | | | |
| **Cothabháil & Deisiúchán** | | | | | |
| Cothabháil & Deisiúchán | | | | | |
| Pluiméireacht | | | | | |
| Leictreachas | | | | | |
| Péintéireacht | | | | | |
| Cothabháil tírdhreacha | | | | | |
| Ardaitheoir | | | | | |
| Córas téite | | | | | |
| Glanadh draenacha | | | | | |
| Oibreacha tógála | | | | | |
| Soláthairtí gairdín | | | | | |
| Glasadóir | | | | | |
| **IOMLÁN:** | | | | | |
| **Fóntais** | | | | | |
| Gás | | | | | |
| Leictreachas | | | | | |
| Uisce | | | | | |
| **IOMLÁN:** | | | | | |
| **Ábhair Oideachais** | | | | | |
| Ábhair Oideachais | | | | | |
| Soláthairtí Ealaíne | | | | | |
| Soláthairtí Seomra Ranga | | | | | |
| Scéim na Leabhar ar Cíos | | | | | |
| **IOMLÁN:** | | | | | |
| **Soláthairtí & Trealamh Oifige** | | | | | |
| Soláthairtí/trealamh Oifige | | | | | |
| Trealamh TF | | | | | |
| Deisiúchán TF | | | | | |
| Méadaracht fótachóipeálaí | | | | | |
| Páipéar | | | | | |
| Soláthairtí priontála agus fótachóipeála | | | | | |
| Fótachóipeálaí | | | | | |
| Fón | | | | | |
| Córas riaracháin | | | | | |
| **IOMLÁN:** | | | | | |
| **Táillí Cuntais/Baincéireacht** | | | | | |
| Táillí párolla | | | | | |
| Táillí cuntais | | | | | |
| Íocaíochtaí leictreonacha | | | | | |
| Táillí RCT/CBL | | | | | |
| Táillí bainc | | | | | |
| **IOMLÁN:** | | | | | |

# Aguisín E

## Sampla de Thábla Meastóireachta do Chomórtas Tairisceana Oscailte do Sholáthairtí Glantóireachta*

| Critéir chun Anailísiú a dhéanamh ar Chonradh do Sholáthairtí Glantóireachta | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceannlínte** | **Ualú** | **Co A** | **Co B** | **Co C** | **Co D** | Fáthanna leis na Marcanna |
| Praghas | **100 marc** | | | | | |
| Tá an praghas bunaithe ar: | 100 marc | €5,000.00 | €4,500.00 | €3,750.00 | €2,000.00 | |
| Praghas is ísle* | €2,000.00 | **40** | **44.44** | **53.33** | **100** | |
| **Téann marcanna iomlána chuig Co D toisc an praghas is ísle a bheith aige** | | | | | | |
| * Tá an praghas is ísle bunaithe ar: | | | | | | |
| Praghas is Ísle/praghas A * líon na marcanna | | | | | | |
| Praghas is Ísle/praghas B * líon na marcanna etc. | | | | | | |
| **Cáilíocht** | **75 marc** | | | | | |
| Slándáil an tSoláthair | 15 mharc | 12 | 10 | 13 | 8 | |
| Córais um Rialú Cáilíochta | 10 marc | 7 | 7 | 8 | 9 | |
| Bainistíocht Chonartha | 15 mharc | 12 | 12 | 13 | 13 | |
| Infreastruchtúr Tacaíochta Oifige | 5 mharc | 4 | 2.5 | 3 | 4.5 | |
| Taithí, Cáilíocht agus Oiliúint Foirne | 5 mharc | 5 | 3 | 3 | 5 | |
| Socruithe Iompair | 5 mharc | 4 | 5 | 5 | 5 | |
| Tograí Breise | 5 mharc | 3 | 2 | 3 | 4 | |
| Fabhtcheartú agus Measúnú Riosca | 5 mharc | 3 | 2 | 3 | 4 | |
| **Scóir Iomlána d'Fhochritéir** | | 50 | 43.5 | 51 | 52.5 | |
| **Scóir Iomlána as 175 marc =** | | **90.00** | **87.94** | **104.33** | **152.50** | |
| **Scór is Airde = An Rogha Soláthróra** | **Co D** | | | | | |

* Do chúiseanna léirithe amháin – tá creat OSR do na táirgí seo ar fáil do scoileanna cheana.

Mar a fheicfidh tú ón íomhá thuas –

1. Measadh gurb é praghas a critéar ba thábhachtaí sa tairiscint seo, tá líon níos mó marcanna leithdháilte air, agus dá bhrí sin tá sé doiciméadaithe roimh na hualaithe eile. Is é Praghas an t-aon chuid neamh-shuibiachtúil den phróiseas meastóireachta, leis an bhfoirmle - *Praghas is ísle os cionn praghas tairgthe, iolraithe faoi uasmhéid na marcanna atá ar fáil* – an bealach is coitianta a úsáidtear chun marcanna a dháileadh.
2. Déantar na critéir eile a ualú arís de réir a dtábhachta agus dáiltear na marcanna de réir na bhfreagraí sa tairiscint curtha isteach ag gach ceann de na tairgeoirí. Ba chóir na cúiseanna leis na marcanna seo a dhoiciméadú, toisc go mbeidh na cúiseanna seo mar bhunús leis an eolas a sheolfar amach chuig na tairgeoirí rathúla agus mírathúla. (Déan teagmháil le ASS do theimpléid do litreacha).
3. Is léir sa chás seo gurb é Comhlacht D an soláthróir is rogha. Ní mór scríobh chuig Comhlacht D agus na tairgeoirí mírathúla ar an lá céanna ag cur a marcanna in iúl do na tairgeoirí agus cén áit a raibh laigí ina dtogra i gcomparáid le togra na rogha soláthróra.
4. Ní mór a nótáil go mbeidh gach riachtanas nó sonraíocht uathúil ar bhealach éigin. Is do chúiseanna léirithe amháin an tábla meastóireacht thuas. Ba chóir duit dul i dteagmháil le ASS do thacaíocht agus treoir maidir le riachtanais sa todhchaí a dhréachtú agus conas is fearr a d'fhéadfaí iad a mheas.

# Aguisín F

## Seicliosta do sholáthar Earraí nó Seirbhísí do do Scoil

1. An bhfuil an riachtanas sainaitheanta agat – an bhfuil an ceannach riachtanach? ☐
2. Ar chláraigh tú mar cheannaitheoir ag www.procurement.ie? ☐
3. An bhfuil an táirge/seirbhís seo ar fáil cheana?
   [Seiceáil le OSR ar www.procurement.ie nó le ASS ar dtús] ☐
4. Mura bhfuil, an bhfuil sonraíocht shoiléir scríofa? An áiríonn sí seo costais iomlána saolré, cáilíocht chun freastal ar riachtanais an ghá? ☐
5. Ar leanadh treoirlínte maidir le costas agus trédhearcacht? ☐

*** Má tá gá le próiseas tairisceana foirmiúil:**

6. An bhfuil maoiniú aimsithe trí do phróiseas faofa inmheánach?* ☐
7. An bhfuil cinneadh déanta faoin nós imeachta tairisceana ceart?* ☐
8. An bhfuil dóthain ama leithdháilte don ullmhú agus do chur isteach tairiscintí?* ☐
9. Ar leanadh an nós imeachta ceart i dtaca le hoscailt fhisiciúil na tairiscintí?* ☐
10. Ar lorgaíodh eolas breise ar son na soiléire?* ☐
11. Ar leanadh an nós imeachta ceart chun meastóireacht a dhéanamh ar thairiscintí?* ☐
12. Ar cuireadh na tairgeoirí uile ar an eoals faoin staid agus ar tugadh aiseolas?* ☐
13. An bhfuil Deimhniú Imréitigh Cánach iarrtha ón soláthróir rathúil,
    (Ní bhaineann ach le conarthaí de bhreis agus €10,000)?* ☐
14. Más bainteach, an sonraítear sa chonradh:
    a. Sonraíocht(aí) ☐
    b. Comhaontuithe Seirbhíse (SLAanna) ☐
    c. Téarmaí agus Coinníollacha ☐
    d. Costas an Chonartha ☐
    e. Dáta Éagtha an Chonartha ☐
15. Má tá an conradh os cionn thairseach an AE, ar cuireadh 'fógra bronnta' isteach chun cuidiú le trédhearcacht an phróisis? ☐
16. An bhfuil plean ullmhaithe chun an conradh a bhainistiú? ☐
17. An tugadh fógra agus aiseolas do na tairgeoirí nár éirigh leo (i scríbhinn)? ☐

# Aguisín G

## An Próiseas Soláthair ceart a roghnú do do Scoil

Cad atá de dhíth ort?

Earraí agus Seirbhísí

Oibreacha

**Earraí agus Seirbhísí:**

Logáil isteach ar www.procurement.ie agus cláraigh mar cheannaitheoir. Mura féidir leat a bhfuil á lorg agat a aimsiú, déan teagmháil leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) ag support@ogp.gov.ie / 076 100 8000 nó labhair le ASS le comhairle a fháil

An bhfuil creat/conradh oiriúnach ann do riachtanais do scoile?

**Tá:**

Lean na treoracha ar www.procurement.ie ar an gcaoi le rochtain a fháil ar an gcreat nó ar an gconradh. Má tá deacrachtaí ar bith agat déan teagmháil le OSR ar support@ogp.gov.ie nó 076 100 8000.

**Níl:**

Beidh ar do scoil dul chun tairisceana.
Thar shaolré an chonartha, cén luach a bheidh ann don soláthróir?

**≤ €5,000:**

Íosmhéid de 3 luachan scríofa (r-phoist) riachtanach.

Roghnaigh an praghas is ísle nó an ceann is oiriúnaí.

**€5,000 – €24,999:**

Íosmhéid de 3 luachan scríofa (r-phoist) riachtanach.

Bain úsáid as bileog scórála chun tairiscintí a mheas.

Tabhair fógra agus aiseolas do sholáthróirí nár éirigh leo.

**≥ €25,000:**

Déan teagmháil leis an Oifig um Sholáthar Rialtais ag support@ogp.gov.ie / 076 100 8000 nó le SPU le comhairle a fháil. An bhfuil OSR ábalta an próiseas soláthair a bhainistiú ar son do scoile?

**Tá:**

B'fhéidir go ndéanfaidh an Oifig um Sholáthar Rialtais, ag brath ar acmhainní atá ar fáil, an próiseas soláthair a bhainistiú ar son do scoile.

Beidh sé de cheangal ar do scoil sonraíocht mhionsonraithe de na riachtanais a sholáthar do OSR. Má tá amhras ort, labhair le ASS.

**Níl:**

Tá teimpléid tairisceana le fáil ar www.etenders.gov.ie

Cuir na cáipéisí tairisceana le chéile agus cuir fógra suas ar www.etenders.gov.ie (agus ar www.ojeu.com i gcás tairiscintí os cionn €209,000). Socraigh critéir bhronnta agus bain úsáid as bileog scórála ualaithe.

Roghnaigh an soláthróir leis an scór is airde. Tabhair fógra agus aiseolas do sholáthróirí nár éirigh leo.

Déan teagmháil le ASS ar 01 203 5899 nó procurementsupport@jmb.ie le comhairle agus tacaíocht phraiticiúil a fháil.

**Oibreacha:**

Déan teagmháil leis an Aonad Pleanála agus Tógála sa Roinn Oideachais agus Scileanna ar 057 932 4300.

# Nótaí



**An tAonad um Sholáthar do Scoileanna**
Teach Emmet, Bóthar Dhún Droma, Baile an Mhuilinn,
Baile Átha Cliath D14 V3K8

**T** 01 203 5899 **F** 01 269 5461
**G** www.jmb.ie/school-procurement

NABMSE
National Association of Boards of Management in Special Education

Educate Together

ACCS
Association of Community and Comprehensive Schools
Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha

JMB AMCSS SECRETARIAT

CATHOLIC PRIMARY SCHOOLS MANAGEMENT ASSOCIATION

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

Church of Ireland Board of Education